

Staitisticí Náisiúnta Dramhaíola

Tuarascáil Achomair le haghaidh 2018



An Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

Tá an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) freagrach as an gcomhshaol a chaomhnú agus a fheabhsú mar acmhainn luachmhar do mhuintir na hÉireann. Táimid tiomanta do dhaoine agus don chomhshaol a chosaint ar an dochar a dhéanann radaíocht agus truailliú.

Is féidir obair na Gníomhaireachta a roinnt ina trí phríomhréimse:

Rialú: Déanaimid córais éifeachtacha rialaithe agus comhlíonta comhshaoil a chur i bhfeidhm chun torthaí maíthe comhshaoil a sholáthar agus chun díriú isteach orthu siúd nach gcloíonn leis na córais sin.

Eolas: Soláthraimid sonraí, faisnéis agus measúnú comhshaoil atá ar ardchaighdeán, spriocdhírthe agus tráthúil chun bonn eolais a chur faoin gcinnteoireacht ar gach leibhéal.

Abhcóideacht: Bímid ag obair i gcomhar le grúpaí eile chun tacú le comhshaol atá glan, táirgiúil agus cosanta go maith, agus le hiompar a chuirfidh le comhshaol inbhuanaithe.

Ár bhFreagrachtaí

Ceadúnú

Déanaimid na gníomhaíochtaí seo a leanas a rialú ionas nach ndéanann siad dochar do shláinte an phobail ná don chomhshaol:

- > saoráidí dramhaíola (m.sh. láithreáin líonta talún, loisceoirí, stáisiúin aistrithe dramhaíola);
- > gníomhaíochtaí tionsclaíocha ar scála mór (m.sh. déantúsaíocht cógaisíochta, déantúsaíocht stroighne, stáisiúin chumhachta);
- > an diantalmhaíocht (m.sh. muca, éanlaith);
- > úsáid ghlanscartha agus scaoileadh rialaithe na nOrgánach Géinmhodhnaithe (OGManna);
- > foinsí radaíochta ianúcháin (m.sh. trealamh x-gha agus radaiteiripe, foinsí tionsclaíocha);
- > áiseanna móra stórála peitрил;
- > doirteadh fuíolluisce;
- > gníomhaíochtaí dumpála ar farraige.

Forfheidhmiú Náisiúnta i leith Cúrsaí Comhshaoil

- > Clár náisiúnta iniúchtaí agus cigireachtaí a dhéanamh gach bliain ar shaoráidí a bhfuil ceadúnas ón nGníomhaireacht acu.
- > Maoirseacht a dhéanamh ar fhreagrachtaí cosanta comhshaoil na n-údarás áitiúil.
- > Caighdeán an uisce óil, arna sholáthar ag soláthraithe uisce phoiblí, a mhaoirsiú.
- > Obair le húdaráis áitiúla agus le gníomhaireachtaí eile chun dul i ngleic le coireanna comhshaoil trí chomhordú a dhéanamh ar líonra forfheidhmiúcháin náisiúnta, trí dhírú ar chiontóirí, agus trí mhaoirsiú a dhéanamh ar leasúchán.
- > Cur i bhfeidhm rialachán ar nós na Rialachán um Dhramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach (DTLL), um Shrian ar Shubstaintí Guaiseacha agus na Rialachán um rialú ar shubstaintí a ídionn an ciseal ózóin.
- > An dlí a chur orthu siúd a bhriseann dlí an chomhshaoil agus a dhéanann dochar don chomhshaol.

Bainistíocht Uisce

- > Monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar cháilíocht aibhneacha, lochanna, uiscí trasdultacha agus uiscí cósta na hÉireann agus screamhuiscí; leibhéil uisce agus sruthanna aibhneacha a thomhas.
- > Comhordú náisiúnta agus maoirsiú a dhéanamh ar an gCreat-Treoir Uisce.
- > Monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar Cháilíocht an Uisce Snámha.

Monatóireacht, Anailís agus Tuairisciú ar an gComhshaol

- > Monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht an aeir agus Treoir an AE maidir le hAer Glan don Eoraip (CAFÉ) a chur chun feidhme.

- > Tuairisciú neamhspleách chun eolas a dhéanamh do chinnteoireacht rialtais náisiúnta agus áitiúil (e.g. tuairisciú tréimhsiúil ar Thuarascálacha Staid Chomhshaoil na hÉireann agus Táscairí).

Rialú Astaíochtaí na nGás Ceaptha Teasa in Éirinn

- > Fardail agus réamh-mheastacháin maidir le gás ceaptha teasa na hÉireann a ullmhú.
- > An Treoir maidir le Trádáil Astaíochtaí a chur chun feidhme i gcomhair breis agus 100 de na táirgeoirí dé-ocsaíde carbóin is mó in Éirinn. Taighde agus Forbairt Comhshaoil.

Measúnú Straitéiseach Comhshaoil

- > Taighde comhshaoil a chistiú chun brúnna a shainaitheint, bonn eolais a chur faoi bheartais, agus réitigh a sholáthar i réimsí na haeraíde, an uisce agus na hinbhuanaitheachta.

Taighde agus Forbairt Comhshaoil

- > Measúnacht a dhéanamh ar thionchar pleananna agus clár beartaithe ar an gcomhshaol in Éirinn (m.sh. mórfhleananna forbartha). Cosaint Raideolaíoch.

Cosaint Raideolaíoch

- > Monatóireacht a dhéanamh ar leibhéil radaíochta, measúnú a dhéanamh ar nochtadh mhuintir na hÉireann do radaíocht ianúcháin.
- > Cabhrú le pleananna náisiúnta a fhorbairt le haghaidh éigeandálaí ag eascairt as taismí núicléacha.
- > Monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí thar lear a bhaineann le saoráidí núicléacha agus leis an tsábháilteacht raideolaíochta.
- > Sainseirbhísí cosanta ar an radaíocht a sholáthar, nó maoirsiú a dhéanamh ar sholáthar na seirbhísí sin.

Treoir, Faisnéis Inrochtana agus Oideachas

- > Comhairle agus treoir a chur ar fáil d'earnáil na tionsclaíochta agus don phobal maidir le hábhair a bhaineann le caomhnú an chomhshaoil agus leis an gcosaint raideolaíoch.
- > Eolas tráthúil agus inrochtana comhshaoil a chur ar fáil chun an pobal a spreagadh a bheith páirteach i gcinntí comhshaoil a dhéanamh (e.g. Mo Thimpeallacht Áitiúil, Léarscáileanna Radóin).
- > Comhairle a chur ar fáil don Rialtas maidir le hábhair a bhaineann leis an tsábháilteacht raideolaíoch agus le cúrsaí práinnfhreagartha.
- > Plean Náisiúnta Bainistíochta Dramhaíola Guaisí a fhorbairt chun dramhaíl ghuaiseach a chosc agus a bhainistiú.

Múscailt Feasachta agus Athrú Iompraíochta

- > Feasacht comhshaoil níos fearr a ghiniúint agus dul i bhfeidhm ar athrú iompraíochta dearfach trí thacú le gnóthais, le pobail agus le teaghlaigh a bheith níos éifeachtúla ar acmhainní.
- > Tástáil le haghaidh radóin a chur chun cinn i dtithe agus in ionaid oibre, agus gníomhartha leasúcháin a spreagadh nuair is gá.

Bainistíocht agus Struchtúr GCC

Tá an ghníomhaíocht á bainistiú ag Bord lánaimseartha, ar a bhfuil Ard-Stiúrthóir agus cúigear Stiúrthóirí. Déantar an obair ar fud cúig cinn d'Oifigí:

- > An Oifig um Inbhuanaitheacht Chomhshaoil
- > An Oifig Forfheidhmithe i leith Cúrsaí Comhshaoil
- > An Oifig um Fhianaise agus Measúnú
- > An Oifig um Chosaint ar Radaíocht agus Monatóireacht Comhshaoil
- > An Oifig Cumarsáide agus Seirbhísí Corparáideacha

Tá Coiste Comhairleach ag an nGníomhaireacht le cabhrú léi. Tá dáréag comhaltai air agus tagann siad le chéile go rialta le plé a dhéanamh ar ábhair inní agus le comhairle a chur ar an mBord.

Tuarascáil Achomair ar Staitisticí Náisiúnta Dramhaíola le haghaidh 2018

Arna foilsiú ag:

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

Environmental Protection Agency

Bosca PO 3000

Eastát Chaisleán Bhaile Sheáin

Contae Loch Garman, Éire

Guthán: +353 53 9160600

Ríomhphost: info@epa.ie

Facs: +353 53 916 0699

Suíomh Gréasáin: www.epa.ie

Íosghlao: 1890 33 55 99

© An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil 2020

Cé go ndearnadh gach iarracht cruinneas an ábhair atá san fhoilseachán seo a chinntiú, ní féidir cruinneas iomlán a ráthú. Ní ghlacann an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ná na húdair freagracht ar bith as caillteanas nó as damáiste ar bith a tharla, nó a mhaítear a tharla, mar thoradh, i bpáirt, nó go hiomlán, ar ghníomh a rinne duine ar bith, nó a d'fhág duine ar bith gan déanamh de dheasca ábhar an fhoilseacháin seo.

Is ceadmhach an foilseachán seo ina iomláine, nó cuid de, a atáirgeadh gan cead breise a fháil, ar choinníoll go ndéanfar an fhoinsé a admháil.

ISBN: 978-1-84095-924-6

Meán Fómhair 2020

Clár na nÁbhar

	Príomhthorthaí le haghaidh 2018	01
1	Réamhrá	04
2	Giniúint agus Bainistíocht Dramhaíola in Éirinn	05
3	Dul chun cinn i dtreo Spriocanna	09
4	Dramhaíl Chathrach	11
5	Dramhaíl Tí	15
6	Dramhbhia	18
7	Múiríniú agus Díghrádú Anaeróbach	20
8	Dramhaíl ó Phacáistíocht	25
9	Dramhaíl Ghuaiseach	29
10	Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach (DTLL).....	33
11	Feithiclí a bhfuil a Ré Caite (FRCanna).....	35
12	Dramhaíl Tógála agus Scartála.....	37
13	Ionchas	41
14	Tuilleadh Faisnéise.....	43
Aguisín 1	– Dul chun cinn i dtreo Spriocanna Dramhaíola AE	44

Liosta Figiúirí

Figióir 1: An t-ordlathas dramhaíola, ina léirítear an t-ord tosaíochta le haghaidh gníomhartha chun dramhaíl a laghdú agus a bhainistiú (Foinse: GCC).....	05
Figióir 2: Bailiúchán agus Cóireáil Dramhaíola in 2018, i gcomparáid le 2008.....	07
Figióir 3: Dramhaíl chathrach a gineadh in aghaidh an duine san AE in 2017. Foinse: Eurostat.....	11
Figióir 4: Bainistíocht na dramhaíola cathrach in Éirinn in 2017	12
Figióir 5: Athruithe ar bhainistíocht na dramhaíola cathrach in Éirinn ó 2001 go 2017	12
Figióir 6: Athruithe ar sciar na dramhaíola cathrach a chuirtear i láithreáin líonta talún in Éirinn i gcomparáid le hathruithe sa tobhach ar líonadh talún. Léirítear sprioc 2035 le haghaidh líonadh talún freisin	13
Figióir 7: Giniúint agus athchúrsáil na dramhaíola cathrach in Éirinn agus spriocanna a bheidh ag an AE don tréimhse 2020 go 2035	14
Figióir 8: Treocht i gcás dramhaíl tí ó 2010 go 2018 i gcomparáid le sonraí ón bPríomh-Oifige Staidrimh maidir le tomhaltas earraí agus seirbhísí. Foinse: GCC agus an Phríomh-Oifig Staidrimh	15
Figióir 9: Bailiú dramhaíola tí in Éirinn in 2018	16
Figióir 10: Difríochtaí réigiúnacha i gcainníocht na dramhaíola tí a bailíodh in aghaidh an duine in 2018, de réir cineáil araide.....	16
Figióir 11: Dramhaíl bhia a mheastar a gineadh in Éirinn in 2018	18
Figióir 12: Cineálacha dramhaíola ar úsáideadh múiríníú nó díleá anaeróbach le cóireáil a dhéanamh orthu in 2018	20
Figióir 13: Méid na dramhaíola in-bhithmhillte cathrach a diúscaíodh go líonadh talún, i gcomparáid leis na teorainneacha sa Treoir maidir le Líonadh Talún.....	21
Figióir 14: Bitdhramhaíl chathrach ar úsáideadh múiríníú nó díleá anaeróbach le cóireáil a dhéanamh uirthi.....	21
Figióir 15: Comhdhéanamh araide dramhaíola iarmharaí teaghlaigh (dubh) in Éirinn ar an meán. Léiríonn na figiúirí dearga an comhdhéanamh ar an meán deich mbliana roimhe, ar mhaithe le comparáid a dhéanamh	23
Figióir 16: Miondealú ar dhramhaíl ó phacáistíocht a gineadh in 2018.....	25
Figióir 17: An treocht i gcás dramhaíl ó phacáistíocht a aisghabháil agus a athchúrsáil, 2009 go 2018.....	27

Figióir 18: Athchúrsáil dramhaíola ó phacáistíocht in 2018, i gcoibhneas le spriocanna athchúrsála faoi láthair agus amach anseo	27
Figióir 19: Giniúint agus cóireáil na dramhaíola guaisí in Éirinn, 2009 go 2018.....	29
Figióir 20: Áiteanna in Éirinn ina ndearnadh cóireáil ar dhramhaíl ghuaiseach na hÉireann in 2018	30
Figióir 21: Bailiú, aisghabháil agus athchúrsáil DTLL in Éirinn ó 2009 go 2018, agus spriocanna an AE maidir le bailiú	33
Figióir 22: Miondealú ar DTLL a bailíodh in 2018	34
Figióir 23: Athúsáid, athchúrsáil agus aisghabháil FRCanna 2009-2018.....	35
Figióir 24: Cainníocht na dramhaíola tógála a bainistíodh in Éirinn, i gcomparáid le hinnéacs tógála na Príomh-Oifige Staidrimh	37
Figióir 25: Comhdhéanamh na dramhaíola tógála agus scartála a bailíodh in Éirinn in 2018.....	38
Figióir 26: Cóireáil ar dhramhaíl tógála agus scartála in Éirinn in 2018	38
Figióir 27: Oibríocht cóireála deiridh de réir sruth dramhaíola tógála agus scartála in 2018	39

Príomhthorthaí le haghaidh 2018

Giniúint Dramhaíola

Gineadh thart ar

14m

TONA DRAMHAÍOLA
IN ÉIRINN IN 2018

ar fud na n-earnálacha ar fad



Tá dlúthnasc i gcónaí idir
an ghiniúint dramhaíola
in Éirinn agus



AN MHAOIN GHEILLEAGRACH
agus **PATRÚIN STÍLEANNA**
MAIREACHTÁLA AGUS
TOMHALTAIS.



BHÍ DRAMHAÍOL CHATHRACH

comhionann le

2.9m TONA



agus meastar gur tháinig


1.5m TONA

de sin ó **THEAGHLAIGH**



agus bhí **DRAMHBHIA**
comhionann le

1.05m TONA



Comhdhéanamh Dramhaíola

Tá athrú suntasach tagtha
ar dhramhaíl chathrach na
hÉireann le deich mbliana
anuas.

IS PLAISTIGH AON CHÚIGIÚ
DEN DRAMHAÍL IN ARAIDÍ
ATHCHÚRSÁLA TÍ AGUS ARAIDÍ
DRAMHAÍOLA IARMHARAÍ ANOIS



Ó tugadh isteach na haraidí donna tá laghdú sásúil tagtha ar
mhéid na dramhaíola bia agus gairdín a fhaightear in araid
na dramhaíola iarmharaí

NÍL ACH

43%

DE THEAGHLAIGH
NA HÉIREANN
A BHFUIL
ARAIID
DHONN ACU




DÉANTAR TIMPEALL

50%

DEN DRAMHAÍL
ORGÁNACH
TÍ Á DHIÚSCAIRT
FÓS SNA
HARAIIDÍ
'CONTRÁILTE'



San earnáil tráchtála,
d'fhéadfaí beagnach



dá bhfuil sna haraidí
dramhaíola iarmharaí a

ATREORÚ
CHUIG ARAIDÍ
ATHCHÚRSÁLA NÓ
ARAIIDÍ DONNA

Cóireáil Dramhaíola

TÁ ATHRUITHE RADACACHA TAGTHA LE SCÓR BLIAIN ANUAS AR NA DÓIGHEANNA A NDÉANTAR DRAMHAÍL CHATHRACH NA HÉIREANN A BHAINISTIÚ



Tá titim ghéar tagtha ar an diúscairt i líonadh talún, tháinig ardú de réir a chéile ar rátaí athchúrsála go luath sna 2000idí go dtí gur sroicheadh buaic, agus tá ardú suntasach tagtha ar sciar na dramhaíola a sheoltar le haghaidh aisghabháil fuinnimh ó 2011 i leith.

Comhlíonadh Spriocanna

IN ÉIRINN, BAINEADH AMACH NA SPRIOCANNA GO LÉIR DO NA NITHE ÁBHARTHA SEO A LEANAS:



Dramhaíl ó Phacáistíocht



Ceallraí Dramhaíola



Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach (DTLL)



Feithiclí a bhfuil a Ré Caite (FRCANNA)

Maidir leis an ráta athchúrsála in Éirinn don dramhaíl chathrach, tháinig

LAGHDÚ GO

38% air in 2018

TITIM Ó

40%

in 2017



MAIDIR LE RÁTAÍ ATHCHÚRSÁLA PACÁISTÍOCHTA, THÁINIG LAGHDÚ GO

64%

orthu in 2018

ÍSLIÚ Ó


66%

in 2017



TÁ ÉIRE AR AN MBÓTHAR CEART CHUN

spriocanna an AE 2020 a bhaint amach don dramhaíl chathrach agus don dramhaíl tógála/scartála



Tá gnéithe suntasacha den bhonneagar dramhaíola atá in easnamh in Éirinn go fóill agus

BÍTEAR AG BRATH AR AN EASPÓRTÁIL



LE HAGHAIDH ROINNT PRÍOMHSHRUTHANNA DRAMHAÍOLA,

dramhaíl ó phacáistíocht agus dramhaíl ghuaiseach san áireamh



Mar gheall ar spriocanna i bhfad níos uailmhianáí atá leagtha síos ag an AE do na blianta 2025 agus 2030,

CAITHFEAR RÁTAÍ ATHCHÚRSÁLA NA HÉIREANN A FHEABHSÚ GO SUNTASACH sna blianta atá le teacht



Ionchas

Tá sé soiléir ó na sonraí is déanaí gur **GÁ NÍOS MÓ A DHÉANAMH IN ÉIRINN CHUN**

- > dramhaíl a chosc
- > athúsáid agus athchúrsáil a mhéadú
- > ár neamhspleáchas sa bhainistíocht dramhaíola a mhéadú
- > bogadh i dtreo cur chuige níos comhtháite don bhainistíocht ar acmhainní





1. Réamhrá

Cuireann an GCC staitisticí náisiúnta le chéile maidir le giniúint agus bainistíocht dramhaíola i bPoblacht na hÉireann. Cuirtear staitisticí náisiúnta dramhaíola ar fáil chun oibleagáidí reachtúla tuairiscithe na hEorpa a shásamh, agus chun críocha eile cuir i gcás eolas a chur ar fáil don bhainistíocht náisiúnta dramhaíola, don bheartas coiscithe, agus chun dul i ngleic leis an gcoireacht dramhaíola. Ar an reachtaíocht Eorpach dá gcuirtear staitisticí ar fáil tá:

- > an Chreat-Treoir Dramhaíola (2008/98/CE arna hathmhúnlú le 2018/851/CE);
- > an Rialachán maidir le Staidreamh Dramhaíola (2150/2002/CE arna leasú);
- > Treoracha tionscnaimh freagrachta táirgeora an AE, an Treoir maidir le Pacáistíocht, an Treoir maidir le Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach (DTLL) agus an Treoir maidir le Feithiclí a bhfuil a Ré Caite (FRCanna).

Déanann an GCC sonraí dramhaíola a ullmhú freisin don Táscaire le haghaidh Forbairt Inbhuanaithe ar Dhramhaíl Chathrach.


Ón mbliain 2018 i leith, tá acmhainn ghréasáin na GCC, ‘Staitisticí Náisiúnta Dramhaíola’, ar an bpríomh-mhodh chun sonraí náisiúnta dramhaíola a thabhairt le fios. Cuid de shuíomh gréasáin GCC atá tiomanta do staitisticí dramhaíola atá ann, agus foilsítear sonraí nua maidir le sruthanna dramhaíola faoi leith de réir mar a chuirtear ar fáil iad. Féach **www.epa.ie/nationalwastestatistics/**

Sa tuarascáil achomair seo cuirtear i dtoll a chéile na torthaí is tábhachtaí ó na sonraí a foilsíodh ar shuíomh gréasáin na Staitisticí Náisiúnta Dramhaíola le haghaidh 2018. Le haghaidh táblaí a bhaineann le sruthanna dramhaíola faoi leith agus na sonraí is déanaí atá ar fáil d’Éirinn, féach suíomh gréasáin GCC i gcónaí.

2. Giniúint agus Bainistíocht Dramhaíola in Éirinn

Reachtaíocht agus Beartas Dramhaíola

Tá cleachtais bainistithe dramhaíola, bonneagar dramhaíola agus rialú dramhaíola na Éireann i ndiaidh teacht go suntasach in aibíocht le 20 bliain anuas. Reachtaíocht an AE a spreag an t-athrú sin, chomh maith le beartas náisiúnta agus ionstraimí geilleagracha a mhúnlú. Tá beartas dramhaíola na hEorpa dírithe le fada ar choincheap an ordlathais dramhaíola (*Figiúr 1*), agus tugtar spriocanna i dtreoracha an AE chun dramhaíl a aisghabháil agus a atreorú ó líonadh talún d'fhonn cleachtais bainistithe dramhaíola a bhogadh chuig áit níos airde san ordlathas dramhaíola.




Figiúr 1: An t-ordlathas dramhaíola, ina léirítear an t-ord tosaíochta le haghaidh gníomhartha chun dramhaíl a laghdú agus a bhainistiú (Foinse: GCC).

Sa Phlean Gníomhaíochta AE don Gheilleagar Ciorclach, a glacadh in 2015, leagtar béim ar an ngá atá le bogadh i dtreo geilleagar 'ciorclach' atá á spreagadh ag saolré, ar acmhainní a athúsáid a oiread is féidir agus ar an dramhaíl iarmharach a thabhairt gar do nialas. Cuireann sé le reachtaíocht na hEorpa atá ann cheana féin maidir le dramhaíl agus déanann sé an reachtaíocht sin a uasdátú. Déantar géarú ar na spriocanna a bhí ann cheana féin agus tugtar isteach réimse spriocanna nua. Rinneadh athbhreithniú ar bheartas náisiúnta dramhaíola na hÉireann in 2020 chun aird níos láidre a dhíriú ar an ngeilleagar ciorclach agus foilsíodh *Plean Gníomhaíochta Dramhaíola le haghaidh Geilleagar Ciorclach* i Meán Fómhair 2020.

Pleanáil Bainistíochta Dramhaíola

Tá trí réigiún faoi choinne pleanáil bainistíochta dramhaíola in Éirinn: Réigiún Chonnacht agus Uladh, Réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre agus Réigiún an Deiscirt. Bíonn Pleananna Réigiúnacha Bainistíochta Dramhaíola á n-ullmhú ag na trí Oifig Réigiúnacha Bainistíochta Dramhaíola. Sna pleananna sin, leagtar síos cuspóirí agus spriocanna chun dramhaíl a chosc agus a bhainistiú taobh istigh de gach réigiún, i gcomhréir le beartas náisiúnta.

Tá an GCC freagrach as an bPlean Náisiúnta Bainistithe Dramhaíola Guaisí a ullmhú. Tá feidhm ag an bPlean reatha don tréimhse 2014 – 2020 agus leagtar amach ann na gníomhartha tosaíochta ar chóir a ghlacadh i ndáil le: dramhaíl ghuaiseach a chosc; rátaí feabhsaithe bailithe le haghaidh catagóirí áirithe dramhaíola guaisí; céimeanna atá riachtanach chun neamhspleáchas na hÉireann i réimse bhainistithe na dramhaíola guaisí a fheabhsú chomh maith le fadhbanna oidhreacht a shainaithint agus a rialú ar bhonn leanúnach (e.g. suíomhanna stairiúla diúscartha dramhaíola gan rialáil a shainaithint, measúnú riosca a dhéanamh orthu agus iad a rialú). Foilseoidh an GCC plean nua in 2021.




Rialú Dramhaíola

Tá an GCC, an Oifig Náisiúnta do Sheoltaí Trasteorann, an Oifig Náisiúnta do Cheadanna Bailithe Dramhaíola agus údaráis áitiúla, freagrach as an earnáil dramhaíola a rialáil in Éirinn, earnáil atá príobháidithe go mór. Bhí díreach os cionn 4,000 údarú dramhaíola i bhfeidhm in 2018, a chuimsigh bailiú, iompar, stóráil agus cóireáil dramhaíola. Tá titim i líon na mbailitheoirí údaráithe dramhaíola ó os cionn 3,000 in 2010 go 2,104 in 2018, rud a chuireann in iúl go bhfuil comhdhlúthú suntasach tar éis tarlú in earnáil phríobháidithe an bhailithe dramhaíola in Éirinn. Ar fud raon iomlán na n-earnálacha atá ceadúnaithe ag an GCC, bhí stáisiún aistrithe dramhaíola sa dara háit don líon cásanna neamhchomhlíonta in 2018 agus 2017 (bhí an earnáil Bia agus Dí sa chéad áit rompu). As na 15 shuíomh ar liosta tosaíochtaí náisiúnta GCC in 2018, bhí 5 cinn san earnáil dramhaíola. Tá údaráis áitiúla freagrach as saoráidí agus bailitheoirí ceadaithe dramhaíola a rialú: in 2018, chuir siad thart ar 38,000 iniúchadh a bhain le dramhaíl i gcrích, phléigh siad le breis agus 40,000 gearán a bhain le dramhaíl (chomh maith le ní ba mhó ná 30,000 gearán faoi bhruscar), thug siad faoi bheagnach 17,000 gníomh forfheidhmiúcháin agus breis is 600 ionchúiseamh a bhain le dramhaíl.

Giniúint Dramhaíola

Gineadh thart ar 14 mhilliún tona dramhaíola in Éirinn ar fud na n-earnálacha ar fad in 2018, de réir na sonraí a chomhthiomsaigh an GCC agus an Phríomh-Oifig Staidrimh chun críocha tuairiscithe faoin Rialachán maidir le Staidreamh Dramhaíola (2150/2002/CE arna leasú).




Figióir 2: Bailiúchán agus Cóireáil Dramhaíola in 2018, i gcomparáid le 2008. (Foinse: GCC).

Déantar bailiú agus cóireáil dramhaíola ar bhonn príobháidithe den chuid is mó in Éirinn, taobh amuigh d'ionaid fóntais phoiblí agus ionaid fág anseo atá á gcur ar fáil ag údarais áitiúla. Tá laghdú suntasach tagtha ar líon na mbailitheoirí údaraithe dramhaíola ó 2008 go 2018, rud a léiríonn go bhfuil comhdhlúthú tar éis tarlú sa mhargadh bailithe dramhaíola in Éirinn. An t-athrú is suntasaí atá curtha i bhfeidhm le blianta beaga anuas ná gur aistríodh ó dhramhaíl iarmharach a dhiúscairt go líonadh talún chuig an dramhaíl a úsáid in aisghabháil fuinnimh. Tá dhá loisceoir in Éirinn anois a dhéanann cóireáil ar dhramhaíl chathrach le haghaidh aisghabháil fuinnimh (toilleadh iomlán ceadúnaithe chun cóireáil a dhéanamh ar 835,000 tona de dhramhaíl neamhghuaiseach chathrach in aghaidh na bliana). Chomh maith leis sin, tá trí áith stroighne atá údaraithe ann chun glacadh le breosla athshlánaithe soladach lena chomhoscadh, mar mhalairt ar bhreosla iontaise. Tá titim mhór tagtha ar líon na láithreán líonta talún in Éirinn a ghlacann le dramhaíl chathrach ó 28 in 2010 go cúig cinn in 2018, agus go trí cinn ag deireadh 2019. Go luath in 2016, go deimhin, sainaithníodh go raibh toilleadh líonta talún thar a bheith íseal ar fad, agus go raibh feidhm le toilleadh breise a údarú chun drochthionchar ar an gcomhshaol a chosc, amhail stoc-chnamh dramhaíola nó gníomhaíocht mhídhleathach. Lena leithéid de chás a bheith ag tarlú arís a sheachaint, agus le brath cén áit agus cén uair a dtiocfadh le heasnamh sa toilleadh a bheith ann, go háirithe don dramhaíl chathrach, déanann na hOifigí Réigiúnacha Bainistíochta Dramhaíola tuarascálacha a ullmhú gach ráithe ar chóireáil dramhaíola agus cumas stórála na hÉireann, i gcomhar leis an GCC, Cumann Bainistíochta Dramhaíola na hÉireann agus an earnáil dramhaíola.

Tionscnaimh maidir le Freagracht ar an Táirgeoir

Tá Tionscnaimh maidir le Freagracht ar an Táirgeoir (TFTanna) forbartha le haghaidh sruthanna dramhaíola éagsúla, bunaithe ar an bprionsabal gurb é an táirgeoir a íocann. In Éirinn, tá TFTanna i bhfeidhm orthu seo a leanas: pacáistíocht, trealamh leictreach agus leictreonach, ceallraí, feithiclí a bhfuil



a ré caite, plaistigh feirme agus boinn. Tá spriocanna bailithe socraithe ag an Aontas Eorpach do dhramhthrealamh leictreach agus leictreonach (DTLL) agus ceallraí dramhaíola; tá spriocanna athchúrsála agus spriocanna eile aisghabhála i bhfeidhm freisin ar phacáistíocht, DTLL, ceallraí agus feithiclí a bhfuil a ré caite.

Déanann pacáiste reachtaíochta 2018 maidir leis an nGeilleagar Ciorclach coincheap fhreagracht an táirgeora a láidriú i reachtaíocht na hEorpa agus na ceanglais le haghaidh scéimeanna fhreagracht an táirgeora a leathnú.

Cosc Dramhaíola

Tá Clár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl atá bunaithe go maith agus dá bhfuil aitheantas tugtha ag an gCoimisiún Eorpach mar shampla den chleachtas is fearr san AE. Déanann an GCC obair an chlár a sholáthar agus is é is fíis don chlár dramhaíl a chosc agus an geilleagar ciorclach a chur chun cinn in Éirinn. Bainfear leas as cláir straitéiseacha ar leibhéal náisiúnta a bhfuil an-fheiceálacht agus an-tionchar ag baint leo chun é sin a bhaint amach. Cuireann an clár uirlisí agus eolas ar fáil do ghnólachtaí, do theaghlaigh agus don earnáil phoiblí chun tionchar a imirt ar athrú iompraíochta agus chun tacú le roghanna inbhuanaithe. Rinneadh athbhreithniú neamhspleách straitéiseach ar an gClár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl in 2018 agus tá an clár athstruchtúrtha ag díriú isteach ar na sé réimse thosaíochta seo: cur amú bia, foirgníocht agus scartáil, plaistigh, talmhaíocht, acmhainní agus amhábhair agus cosc áitiúil dramhaíola¹. Ar shamplaí de thionscnaimh an Chláir Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl tá Stop Food Waste (Cuir Stop le Dramhbhia), Lónra Coiscthe na nÚdarás Áitiúil agus an Fheirmeoireacht Chliste.



¹ Tá Tuarascálacha Bliantúla an Chláir Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl ar fáil anseo: www.epa.ie/pubs/reports/waste/prevention/reports/

3. Dul chun cinn i dtreo Spriocanna

Caithfidh Éire réimse spriocanna de chuid an AE a shásamh d'athchúrsáil agus aisghabháil sruthanna éagsúla dramhaíola, lena n-áirítear dramhaíl chathrach, dramhaíl tógála agus scartála, dramhaíl ó phacáistíocht, dramhthrealamh leictreach agus leictreonach, ceallraí dramhaíola agus feithiclí a bhfuil a ré caite. In Aguisín 1 tá achoimre ar fheidhmíocht na hÉireann i ndáil leis na spriocanna atá ann don tír faoi láthair agus léirítear go bhfuil na spriocanna ar fad don am i láthair á sásamh. In ainneoin na feidhmíochta dearfaí sin, tá spriocanna éagsúla ann a éireoidh i bhfad níos dúshlánaí sna blianta atá le teacht, mar gheall ar nuashonruithe a rinneadh le gairid ar Rialacháin agus Treoracha an AE a tháinig chun cinn mar thoradh ar an bPlean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach.

SPRIOCANNA TÁBHACHTACHA NUA AN AE



Athchúrsáil Dramhaíola Cathrach

Cé go gcreidtear go mbainfidh Éire sprioc athchúrsála 2020 don dramhaíl chathrach (50%) amach ar éigean, beidh méadú de 5 phointe céatadáin ag teacht ar an sprioc sin gach cúig bliana go dtí go sroichfear 65% in 2035, mar gheall ar an gCreat-Treoir Dramhaíola athbhreithnithe. Tá an modh ríofa le haghaidh 2025 agus níos faide ina dhiaidh i bhfad níos déine freisin, a fhágfaidh go mbeidh sé níos dúshlánaí fós na spriocanna níos airde a bhaint amach.



Líonadh Talún

Sa Treoir athbhreithnithe maidir le Líonadh Talún, éilítear ar Bhallstáit sciar na dramhaíola cathrach a chuirtear i líonadh talún a laghdú go 10% nó níos ísle faoi 2035. Cé go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta in Éirinn chun an diúscairt go líonadh talún a laghdú, tá dúshlán an-mhór sa sprioc 10%.



Pacáistíocht Phlaisteach

Rinneadh 31% den dramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach a athchúrsáil in Éirinn in 2018, rud a sháraigh an sprioc de 22.5% atá ann faoi láthair sa Treoir maidir le Pacáistíocht. Leagtar amach spriocanna atá i bhfad níos uailmhianaí ó thaobh pacáistíocht phlaisteach a athchúrsáil de sa Treoir athbhreithnithe maidir le pacáistíocht: 50% faoi 2025 agus 55% faoi 2030.



Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach (DTLL)

Ar an ábhar gur bailíodh 61% de dhramhthrealamh leictreach agus leictreonach (DTLL) a cuireadh ar an margadh in 2018, sáraíodh an sprioc de 45% atá sa Treoir maidir le Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach in Éirinn. Tháinig méadú go 65% ar an sprioc sin le haghaidh 2019, rud a léiríonn ardú suntasach uailmhéine.



Spriocanna agus Oibleagáidí Nua Eile

Chomh maith leis na spriocanna a bhí ann cheana féin a dhaingniú, i bPacáiste AE an Gheilleagair Chiorclaigh, 2018, tugadh isteach réimse spriocanna agus oibleagáidí tuairiscithe eile le haghaidh sruthanna dramhaíola agus ábhar éagsúla, inar áiríodh dramhbhia, plaistigh aonúsáide agus ábhar a athúsáid nár dhramhaíl é in aon chor. Beidh sé sainordaitheach bailiú faoi leith dramhaíola a bheith ann do dhramhaíl ghuaiseach teaghlaigh (faoi 2022), don bhithdramhaíl (faoi 2023) agus do theicstílí (faoi 2025), a chuirfidh leis na hoibleagáidí atá ann cheana féin maidir le páipéar agus cairtchlár, gloine, miotail agus plaisteach a bhailiú leo féin.



4. Dramhaíl Chathrach

Tá dramhaíl teaghlaigh, dramhaíl tráchtála agus dramhaíl eile dála dramhaíl teaghlaigh i ndramhaíl chathrach. Tá an dramhaíl chathrach ar cheann de na sruthanna dramhaíola is mó ar a ndírítear isteach go mór ó thaobh beartais de. Is sonraí sealadacha le haghaidh 2018 iad na sonraí a chuirtear i láthair thíos atá faoi réir bhailíochtú Eurostat go fóill – féach leathanaigh ghréasáin Staitisticí Dramhaíola na GCC chun na sonraí is déanaí a fháil (www.epa.ie/nationalwastestatistics).

2.9m

tona a gineadh in Éirinn in 2018

38%


de a athchúrsáladh, 43% de a úsáideadh in aisghabháil fuinnimh, agus 14% de a cuireadh i líonadh talún

1m

tona (35% de) a easpórtáladh le haghaidh athchúrsála nó aisghabhála

Cainníocht dramhaíola cathrach


Gineadh breis agus 2.9 milliún tonna de dhramhaíl chathrach in Éirinn in 2018, ar tháinig 53% de ó theaghlaigh agus 47% de ó fhoinsí tráchtála. 600 kg de dhramhaíl chathrach a bhí ann in aghaidh an duine in Éirinn, méadú ó 577 kg in aghaidh an duine in 2017. Bíonn Éire i gcónaí san aicme is airde de tháirgeoirí dramhaíola cathrach san Eoraip agus i bhfad níos airde ná an meán san AE de 492 kg in aghaidh an duine. (Fíor 3). Tá an éagsúlacht mhór sa ghiniúint dramhaíola cathrach ar fud an AE mar léiriú ar dhifríochtaí i bpatrúin ídithe agus maoin gheilleagraich, agus ar dhifríochtaí sna dóigheanna a ndéanann tíortha dramhaíl chathrach a bhainistiú agus a thuairisciú.



Fígiúr 3 - Dramhaíl chathrach a gineadh in aghaidh an duine san AE in 2018. Foinse: Eurostat.

Bainistíocht dramhaíola cathrach

As na 2.9 milliún tona de dhramhaíl chathrach a gineadh in Éirinn in 2018, athchúrsáladh 38%, úsáideadh 43% in aisghabháil fuinnimh agus cuireadh 14% i líonadh talún (*Figiúr 4*).




Figiúr 4 - Bainistíocht dramhaíola cathrach in Éirinn in 2018. Foinse: GCC.



Féach www.epa.ie/nationalwastestatistics le haghaidh na sonraí is déanaí.

I bhFigiúr 5, léirítear na hathruithe iontach suntasach atá tagtha chun cinn i mbainistíocht na dramhaíola cathrach ó 2001 i leith in Éirinn, go háirithe an laghdú thar a bheith mór ar líonadh talún le linn na tréimhse sin, taobh le leibhéil ardaithe athchúrsála go luath sna 2000idí, agus ina dhiaidh sin méadú a tháinig ar sciar na dramhaíola cathrach atá seolta le haghaidh aisghabháil fuinnimh ó 2011 ar aghaidh. Déantar plé níos mionsonraithe ar na treochtaí sin thíos.




Figiúr 5 - Athruithe ar an mbainistíocht dramhaíola cathrach in Éirinn ó 2001 go 2018. Foinse: GCC.



Féach www.epa.ie/nationalwastestatistics le haghaidh na sonraí is déanaí.

Tá titim ghéar tagtha ar dhiúscairt go líonadh talún; tá fáilte á cur roimh an bhforbairt sin ó tá an rogha sin ar an rogha is lú tarraingt san ordlathas bainistíochta dramhaíola. Níor cuireadh ach 14% de dhramhaíl chathrach i líonadh talún in 2018, laghdú ó 58% in 2010 agus ó níos mó ná 80% in 2001. Tá an méadú ar thobhach ar líonadh talún ar cheann de na cúiseanna is mó, ó thaobh beartais de, leis an athrú an-mhór seo a bheith ag tarlú (*Figiúr 6*). In ainneoin na bhforbairtí sin, dúshlán suntasach a bheidh ann an sciar dramhaíola cathrach in Éirinn a laghdú tuilleadh go mbeidh 10% nó níos lú ann faoi 2035, faoi mar a éilítear faoin Treoir athbhreithnithe maidir le Líonadh Talún.



Figiúr 6 - Athruithe ar sciar na dramhaíola cathrach a chuirtear i láithreáin líonta talún in Éirinn i gcomparáid le hathruithe ar an tobhach ar líonadh talún. Léirítear sprioc 2035 le haghaidh líonadh talún freisin. Foinse: GCC.


Féach www.epa.ie/nationalwastestatistics le haghaidh na sonraí is déanaí.

As an dramhaíl chathrach a atreoraíodh ó líonadh talún le blianta beaga anuas, is léir ó *Figiúr 5* go ndeachaigh an chuid ba mhó den dramhaíl sin chun críocha aisghabhála fuinnimh. Tháinig méadú ar sciar na dramhaíola cathrach a cuireadh chun críocha aisghabhála fuinnimh ó 0% in 2007 go 43% in 2018. Cuireadh an chéad loisceoir dramhaíola cathrach i bhfeidhm in Éirinn in 2011, agus an dara ceann in 2017. Chomh maith leis sin, tá trí áith stroighne ann atá ceadúnaithe anois chun glacadh l e breosla athshlánaithe soladach lena chomhoscadh, mar mhalairt ar bhreoslaí iontaise.

Os a choinne sin, léirítear i *bhFigiúr 5* go bhfuil buaicphointe sroichte ag an athchúrsáil den chuid is mó ó 2010 i leith, agus go bhfuil titim tagtha ar rátaí athchúrsála, i ndiaidh na bhfeabhsuithe láidre a baineadh amach go luath sna 2000idí. Ba é 38% ráta na hÉireann d'athchúrsáil dramhaíola cathrach in 2018, íslíu ó 40% in 2017. Úsáideadh an cur chuige is fearr leis an GCC leis an bhfigiúr sin a ríomh, bunaithe ar an táscaire le haghaidh forbairt inbhuanaithe ar dhramhaíl chathrach atá ag an ECFE agus Eurostat. Fágtar mar sin go bhfuil ráta athchúrsála na hÉireann níos ísle ná an meán Eorpach de 47%, agus go bhfuil an ráta sin thar a bheith níos ísle ná an Ghearmáin, an tír san AE atá chun tosaigh sna cúrsaí sin, áit inar athchúrsáladh 67% den dramhaíl chathrach in 2018².

² <https://ec.europa.eu/eurostat>

Chun críocha tuairiscithe ar chomhlíonadh sprioc athchúrsála 2020 sa Chreat-Treoir Dramhaíola le haghaidh dramhaíl chathrach, úsáidtear modh ríofa faoi leith eile (bunaithe ar pháipéar, miotal, plaisteach agus gloine a fhaightear ó theaghlaigh), agus tá forálacha sa Treoir ina leith sin. Nuair a úsáidtear an modh sin, ba é 51% ráta athchúrsála dramhaíola cathrach na hÉireann in 2018, a rinne go díreach sprioc 2020 na Treorach a chomhlíonadh. Mar sin féin, sna spriocanna sa Chreat-Treoir Dramhaíola le haghaidh 2025 ar aghaidh, a léirítear i *bhFigiúr 7*, úsáidfear modh ríofa atá níos cosúla le Táscaire an ECFE agus Eurostat, a fhágfaidh go mbeidh sé níos dúshlánaí arís na spriocanna nua a chomhlíonadh.



Figiúr 7 - Giniúint agus athchúrsáil dramhaíola cathrach in Éirinn agus spriocanna a bheidh ag an AE don tréimhse 2020 go 2035. Foinse: GCC.

Féach www.epa.ie/nationalwastestatistics le haghaidh na sonraí is déanaí.


Bítear ag brath go mór ar mhargaí easpórtáilte in Éirinn, don athchúrsáil go háirithe: In 2018, easpórtáladh breis agus 654,000 tona de dhramhaíl chathrach chun críocha athchúrsála. Easpórtáladh 287,000 tona eile chun críocha aisghabhála fuinnimh agus 75,000 tona chun críocha múirínithe. Fágтар mar sin gur easpórtáladh 35% de dhramhaíl chathrach na hÉireann chun críocha athchúrsála nó aisghabhála in 2018.

Tríd is tríd, cuirtear in iúl sna treochnaí faoi láthair go mbeidh gá le bearta breise beartais d'fhonn borradh a chur faoi rátaí athchúrsála in Éirinn chun na spriocanna níos déine athchúrsála atá i bPacáiste an Gheilleagair Chiorclaigh a chomhlíonadh, faoi mar a tugadh le fios ar leathanach 8.



5. Dramhaíl Tí

Bainistíodh 1.5 milliún tona de dhramhaíl teaghlaigh in Éirinn in 2018, méadú beag 2% ó 2017 (*Figiúr 8*). Is léiriú é an méadú ar na méaduithe beaga ar fud na gcineálacha ar fad dramhaíola, go háirithe dramhaíl mheasctha iarmharach. B'ionann cainníocht na dramhaíola teaghlaigh a bainistíodh in Éirinn in 2018 agus 315 cileagram an duine, ardú ó 312 kg an duine in 2017 agus 305 kg an duine in 2016. Tá an treocht ghinearálta i ndramhaíl teaghlaigh i gcomhchoibhneas le sonraí na Príomh-Oifige Staidrimh maidir le tomhaltas pearsanta earraí agus seirbhísí, inar léiríodh treocht aníos den chuid is mó ó 2012 i leith. (*Figiúr 8*). Cuireann na sonraí sin in iúl go bhfuil dlúthnasc i gcónaí idir an ghiniúint dramhaíola in Éirinn agus patrúin stíleanna maireachtála agus tomhaltais.




Figiúr 8 - Treocht i ndramhaíl tí ó 2010 go 2018 i gcomparáid le sonraí ón bPríomh-Oifige Staidrimh maidir le tomhaltas pearsanta earraí agus seirbhísí. Foinse: GCC agus an Phríomh-Oifig Staidrimh.

Féach www.epa.ie/nationalwastestatistics le haghaidh na sonraí is déanaí.

Meastar go raibh 47,307 tona breise de dhramhaíl teaghlaigh in Éirinn in 2018 nár bainistíodh. Is é is 'dramhaíl nár bainistíodh' ann dramhaíl nach mbailítear sna bailithe cois cosáin agus nach dtugtar chuig ionaid bailithe dramhaíola. Is dócha mar sin go mbeidh an dramhaíl sin mar chúis le truailliú sa chomhshaol ar an ábhar go mb'fhéidir go mbeadh dumpáil mhídhleathach ann, nó go ndófaí an dramhaíl i gcúl an tí chun réiteach a fháil léi.

Maidir le tromlach na dramhaíola teaghlaigh a bainistíodh in Éirinn in 2018, bailíodh an dramhaíl sin cois cosáin (70%), agus baineadh leas as ionaid fónais phoiblí, scipeanna bruscair agus ionaid 'fág anseo' chun cainníochtaí ní ba lú a bhailiú (*Figiúr 9*). Cuireadh beagnach leathchuid (44%) den dramhaíl ar fad a bailíodh ó theaghlaigh in 2018 san araid iarmharach (dubh), 676,000 tona ar an iomlán. Déantar dramhaíl iarmharach a loscadh go ginearálta in Éirinn chun críocha aisghabhála fuinnimh, nó cuirtear i líonadh talún í. Measann an GCC go dtiocfadh laghdú de thart ar 50% ar an méid dramhaíola iarmharáí atá ann dá ndéanfaí dramhaíl in-athchúrsáilte agus orgánach a scagadh i gceart.




Figiúr 9 - Bailiú dramhaíola cathrach in Éirinn in 2018.

Féach www.epa.ie/nationalwastestatistics le haghaidh na sonraí is déanaí.

Cé gur bailíodh beagnach 250,000 tona nó 17% de dhramhaíl teaghlaigh ó araidí athchúrsála in 2018, cuirtear in iúl sa staidéar is déanaí ar thréithriú dramhaíola³ a chuir an GCC ar fáil nach dramhaíl in-athchúrsáilte beagnach aon trian den dramhaíl a chuirtear in araidí athchúrsála teaghlaigh, agus gur chóir don dramhaíl sin a bheith san araid do dhramhaíl iarmharach nó san araid d'earraí orgánacha.

Dramhaíl orgánach a bailíodh san araid dhonn a bhí i 9% den dramhaíl tí ar fad a bainistíodh in 2018 (137,032 tona). Bhí an coibhneas céanna ann in 2017. Nuair a dhéantar an dramhaíl sin a scagadh i gceart, déantar í a mhúiríniú nó a dhíghrádú chun bithghás a dhéanamh. Tá léirithe áfach i staidéir atá curtha ar fáil ag an GCC go gcuirtear an chuid is mó den dramhaíl orgánach tí (thar 60%) san araid iarmharach (dubh) nó araid athchúrsála, agus ní féidir í a athchúrsáil mar sin. Ní raibh araid dhonn ach ag 43% de theaghlaigh na hÉireann in 2018.

I bhFigiúr 10 léirítear difríochtaí réigiúnacha i gcainníocht na dramhaíola tí a bailíodh in aghaidh an duine, de réir an chineáil araide. Na difríochtaí atá ann sna cineálacha seirbhísí bailithe dramhaíola agus sa bhonneagar a chuirtear ar fáil (mar shampla, córas 2 araid nó 3 araid a bheith i dtreis i gceantair tuaithe in éadan ceantair uirbeacha) is cúis leis na héagsúlachtaí sin, chomh maith leis na héagsúlachtaí móra ó chontae go contae maidir le sciar na ndaoine a úsáideann bailitheoirí údaráithe dramhaíola, agus cúiseanna iompraíochta amháil araidí a roinnt.



Figiúr 10 - Éagsúlachtaí réigiúnacha i gcainníocht na dramhaíola teaghlaigh a bailíodh in aghaidh an duine in 2018, de réir cineáil araide. Féach www.epa.ie/nationalwastestatistics le haghaidh na sonraí is déanaí.


³ Tá tuarascálacha ar thréithriú dramhaíola ar fáil anseo: www.epa.ie/pubs/reports/waste/wastecharacterisation/



6. Dramhbhia

Fadhb dhomhanda atá sa dramhbhia ag a bhfuil iarmhairtí comhshaoil, sóisialta agus geilleagracha. Cuirtear amú aon cheathrú den bhia a tháirgtear ar fud an domhain. Úsáidtear méideanna suntasacha acmhainní le bia a fhás, a phróiseáil agus a iompar, agus cuireann an dramhbhia le 8-10% d'astaíochtaí iomlána antrapaigineacha gás ceaptha teasa. Tá béim á leagan ar an bpráinn agus an dúshlán atá i gceist le dul in gleic le dramhbhia ar leibhéal idirnáisiúnta agus ag leibhéal an AE i Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA agus i bPacáiste an Gheilleagair Chiorclaigh. Is é is aidhm don AE laghdú de 50% a bhaint amach sa dramhbhia faoi 2030 agus éileofar ar Éirinn tuairisciú don AE maidir leis an dramhbhia a ghintear i ngach céim den slabhra soláthair bia ó 2020 ar aghaidh. I bPlean Gníomhaithe Rialtas na hÉireann ar son na hAeraíde, luaitear dramhbhia mar shruth tosaíochta dramhaíola agus cuirtear laghdú de 50% in iúl. Is é is aidhm don Chlár Náisiúnta athstruchtúrtha um Chosc ar Dhramhaíl feasacht a ardú i leith dramhbhia agus díriú ar athrú iompraíochta. Bainfear leas as an gclár Stop Food Waste (Cuir Stop le Dramhbhia) agus as an gCairt maidir le Dramhbhia chun é sin a dhéanamh.

Sna túsmeastacháin a rinne an GCC, a léirítear i *bhFigiúr 11*, cuirtear in iúl gur gineadh thart ar 1.05 milliún tona dramhbhia in Éirinn in 2018. Tháinig thart ar leathchuid de sin ón earnáil próiseála agus déantúsaíochta, agus tháinig an chuid eile ó theaghlaigh (252,500 tona in aghaidh na bliana) agus ón earnáil tráchtála, bialanna/seirbhísí bia agus miondíol/dáileadh san áireamh (203,300 tona in aghaidh na bliana). Ní áirítear ar na figiúirí sin dramhbhia a tháinig as an bpríomhchéim táirgthe, mar níl na sonraí sin ar fáil faoi láthair.



Figiúr 11 - Dramhbhia a mheastar a gineadh in Éirinn 2018. Foinse: GCC.

Féach www.epa.ie/nationalwastestatistics le haghaidh na sonraí is déanaí.

Is ionann dramhbhia teaghlaigh faoi láthair agus thart ar cheathrú milliún tona in aghaidh na bliana (múiriniú sa bhaile as an áireamh). Caitear amach 153 kg de dhramhbhia ar an meán as gach teaghlach Éireannach gach bliain, ar chostas timpeall 700 euro. Tá an-éiginnteacht ann maidir le méideanna dramhbhia san earnáil próiseála agus déantúsaíochta, agus ag an bpríomhchéim táirgthe, agus tabharfaidh an GCC faoi anailís bhreise a dhéanamh ar na hearnálacha sin le linn 2020 agus 2021.

Tá lear suntasach dramhbhia nach scartar lena bhailiú leis féin in Éirinn agus a bhíonn le fáil dá bharr in araidí iarmharacha agus athchúrsála. Faoin gCreat-Treoir athbhreithnithe maidir le Dramhaíl, beidh sé sainordaitheach bithdhramhaíl a bhailiú léi féin ó dheireadh 2023 ar aghaidh. Tá feabhas tagtha ar an mbainistíocht ar dhramhbhia agus tá méadú tagtha ar bhailiú na n-araidí donna le deich mbliana anuas, ach bhí bunús íseal ann. Tá méadú tagtha ar an úsáid a bhaineann sealbhóirí tí as araidí donna, ó 19,000 tona in 2008 go 137,000 tona in 2018. Mar thoradh air sin, tá laghdú tagtha ar an dramhbhia in araid na dramhaíola tí iarmharaí; in 2018, áfach, bhí thart ar 187,000 tona de dhramhbhia go fóill in araid na dramhaíola iarmharaí, ar chóir dó a bheith atreoraithe chuig an araid dhonn nó chuig múiríniú baile. Mar a pléadh i gCaibidil 5, Dramhaíl Teaghlaigh, bhí araid dhonn ag níos lú ná leathchuid de theaghlaigh na Éireann in 2018. Fuarthas amach i suirbhé a rinneadh ar na mallaibh ar úsáid araidí donna san earnáil tráchtála⁴ nach mbaineann breis agus 30% de ghnólachtaí úsáid as araid dramhbhia, cé go bhfuil an úsáid sin á héileamh sa reachtaíocht le deich mbliana anuas. Tá na torthaí sin ag teacht leis an staidéar ar thréithriú dramhaíola is déanaí atá déanta ag an GCC⁵ ina bhfuarthas amach go mbíonn dramhbhia in aon trian den dramhaíl in araidí tráchtála na dramhaíola iarmharaí (b'ionann sin agus thart ar 169,200 tona dramhbhia in 2018).

Nuair a fhéachtar ar na torthaí sin i dteannta a chéile, léirítear chomh mór agus atá na dúshlán atá amach romhainn in Éirinn chun dramhbhia a laghdú agus chun bainistíocht ar bithdhramhaíl a fheabhsú sna blianta atá le teacht.



⁴ www.cre.ie/web/wp-content/uploads/2019/10/RED-C-Commercial-Food-Waste-Survey-Sept-2019.pdf

⁵ Tá tuarascálacha ar thréithriú dramhaíola ar fáil anseo: www.epa.ie/pubs/reports/waste/wastecharacterisation/

7. Múiríniú agus Díghrádú Anaeróbach

436k

tona de dhramhaíl a cuireadh le haghaidh múirínithe nó díghrádú anaeróbach in 2018


56%

as sin comhdhéanta de bithdhramhaíl chathrach amhail dramhbhia ó chistineacha nó ceaintíní, agus dramhaíl ghlas pháirce agus ghairdín

43%

de theaghlach na hÉireann a raibh teacht acu ar araid dhonn in 2018

Tháinig méadú go 436,000 tona ar chainníocht na dramhaíola in Éirinn in 2018 a múiríníodh nó a ndearnadh díghrádú anaeróbach uirthi lena cóireáil. Méadú de 15% a bhí ansin ar an mbliain roimhe sin. Sa chuid ba mhó de sin bhí bithdhramhaíl chathrach (56%), amhail dramhbhia ó chistineacha nó ceaintíní, agus dramhaíl ghlas pháirce agus ghairdín. Ar na foinsí eile dramhaíola ar glacadh leo chun múiríniú nó díghrádú anaeróbach a dhéanamh orthu in 2018, bhí dramhaíl ó thalmhaíocht, gairneoireacht, foraoiseacht, agus ullmhú agus próiseáil bia (26%), agus dramhaíl ó saoráidí bainistíochta dramhaíola agus slodaí cóireála uisce/dramhuisce (14%) (*Figiúr 12*). Rinneadh an chuid ba mhó den dramhaíl sin a mhúiríniú nó a dhíghrádú i saoráidí in Éirinn (83%), agus aistríodh 17% di chuig saoráidí i dTuaisceart Éireann.



Figiúr 12- Cineálacha dramhaíola a ndearnadh múiríniú / díghrádú anaeróbach orthu chun cóireáil a dhéanamh orthu in 2018. Foinse: GCC.


Féach www.epa.ie/nationalwastestatistics le haghaidh na sonraí is déanaí.

Bithdhramhaíl Chathrach

Dramhbhia agus dramhaíl pháirce agus ghairdín atá sa chuid is mó de dhramhaíl in-bhithmhíllte chathrach. Pléitear le dramhaíl in-bhithmhíllte chathrach in dhá phíosa reachtaíochta an AE:

- > an Treoir maidir le Líonadh Talún, ina n-éilítear go ndéanfar dramhaíl in-bhithmhíllte chathrach a atreorú ó líonadh talún, agus
- > an Creat-Treoir Dramhaíola, ina n-éilítear go gcuirfear bearta i bhfeidhm go ndéanfar dramhbhia agus dramhaíl pháirce agus ghairdín (bithdhramhaíl) a bhailiú agus a aisghabháil ar leithligh.

Sa Treoir maidir le Líonadh Talún, leagtar amach teorainn ar chainníocht na dramhaíola in-bhithmhíllte cathrach a chuirtear chuig líonadh talún; faoi 2020, ní mór an chainníocht sin a bheith laghdaithe go 35% na cainníochta ina hiomláine (de réir meáchain) den dramhaíl in-bhithmhíllte chathrach a táirgeadh sa bhliain 1995. Tá an sprioc sin á chomhlíonadh ag Éirinn le tamall (*Figiúr 13*).




Figióir 13 - Cainníocht na Dramhaíola In-Bhithmhille Cathrach a diúscaíodh go líonadh talún, i gcomparáid leis na teorainneacha sa Treoir maidir le Líonadh Talún. Foinse: GCC.

Féach www.epa.ie/nationalwastestatistics le haghaidh na sonraí is déanaí.

In Éirinn, tugadh isteach bailiú ar leithligh dramhbhia d'áitribh tráchtála in 2010 agus do theaghlaigh in 2013; tá sé sin i bhfeidhm faoi láthair dóibh siúd atá ina gcónaí i lárionaid daonra a bhfuil 500 nó níos mó áitritheoir iontu. Bhí teacht ag 43% de theaghlaigh na hÉireann ar araid dhonn in 2018. Beidh bailiú ar leithligh bithdramhaíola sainordaitheach ó dheireadh 2023 i leith, mar gheall ar reachtaíocht dramhaíola nua de chuid an AE.

Léirítear i *bhFigióir 14* gur tháinig méaduithe móra ar chainníocht na bithdramhaíola cathrach a múiríníodh nó a ndearnadh díghrádú anaeróbach uirthi mar gheall ar na Rialacháin maidir le Dramhbhia agus leathadh amach na n-araidí donna a tharla dá mbarr. Méadú ó níos lú ná 50,000 tona in 2005 go 245,000 tona in 2018 a bhí ann. Tá fianaise a chuireann in iúl go bhfuil níos mó dramhaíl orgánach ann atá á bailiú agus á cóireáil ar leithligh in Éirinn sa staidéar ar thréithriú dramhaíola is déanaí ón GCC, ina bhfuarthas amach gur tháinig titim sa chéatadán den dramhbhia agus dramhaíl ghairdín in araidí teaghlaigh dramhaíola iarmharáí, ó 24% in 2008 go 16% in 2018. In ainneoin na bhfeabhsuithe sin, fuarthas amach i staidéar na GCC ar thréithriú dramhaíola go bhfuil 71% den dramhbhia teaghlaigh á dhiúscairt in araidé na dramhaíola iarmharáí fós (cionn is nach bhfuil araid dhonn ag áitritheoirí nó nach bhfuil an araid á húsáid i gceart acu). Sna sonraí is déanaí le haghaidh 2018, a léirítear i *bhFigióir 14*, cuirtear in iúl gur cosúil go bhfuil buaic sroichte ag cainníochtaí na dramhaíola cathrach a mhúirínítear nó a ndéantar díghrádú anaeróbach orthu.



Figióir 14 - Bithdramhaíl chathrach ar úsáideadh múiríniú nó bith-dhíghrádú anaeróbach le cóireáil a dhéanamh uirthi. Foinse: GCC.

Féach www.epa.ie/nationalwastestatistics le haghaidh na sonraí is déanaí.

Mínbhrus Orgánach


Chomh maith le dramhaíl orgánach a bhailítear ar leithligh, tá méadú suntasach tagtha ar mhínbhrus orgánach a ndéantar cóireáil air ag gléasraí múirínithe, ardú ó 50,000 tona in 2013 go 138,000 tona in 2018. Is léiriú é an méadú sin go ndéantar réamhchóireáil go meicniúil anois ar mhórchuid na dramhaíola iarmharaí in Éirinn i saoráidí dramhaíola, úsáidtear criathar rothlach mar shampla, sula seoltar an dramhaíl chun í a aisghabháil nó a dhiúscairt. Déantar an mínbhrus a thagann as an bpróiseas réamhchóireála sin a mhúiríniú ionas go laghdófar an ghníomhaíocht bhitheolaíoch atá ag baint leis chuig caighdeán atá faofa ag an GCC. Is féidir an mínbhrus bithchobhsaithe a úsáid ansin mar chlúdach don líonadh talún, nó úsáid eile atá comhaontaithe a bhaint as, gan é a bheith ina chúis le boladh agus astaíochtaí gás ceaptha teasa.



COMHDHÉANAMH DRAMHAÍOLA TEAGHLAIGH

Bíonn anailís á déanamh ag an GCC ar chomhdhéanamh dramhaíola d'fhonn dramhaíl mheasctha a chatagóiriú ina cineálacha ar leith dramhaíola. Léirítear sa staidéar ar thréithriú dramhaíola is déanaí a rinne an GCC in 2018 gur tháinig athruithe suntasacha ar chomhdhéanamh na dramhaíola tí in Éirinn ón staidéar roimhe sin deich mbliana roimh ré (is iad na figiúirí dearga i *bhFigiúr 15* thíos figiúirí 2008). Tá titim tagtha ar mhéid na dramhaíola bia agus gairdín atá in araidí teaghlaigh don dramhaíl iarmharach, atá ag teacht le leathadh amach na n-araidí donna ó 2013 i leith, agus tá méadú suntasach tagtha ar sciar na bplaisteach. Tá na tuarascálacha iomlána ar thréithriú dramhaíola ar fáil anseo:

www.epa.ie/pubs/reports/waste/wastecharacterisation/




Figiúr 15- Comhdhéanamh na haraide dramhaíola tí iarmharaí (dubh) in Éirinn ar an meán. Léiríonn na figiúirí dearga an comhdhéanamh ar an meán deich mbliana roimhe, ar mhaithe le comparáid a dhéanamh. Foinse: GCC.



8. Dramhaíl ó Phacáistíocht

1m	tona de dhramhaíl ó phacáistíocht ginte in 2018
64%	den dramhaíl ar fad ó phacáistíocht athchúrsáilte in 2018
31%	Sciar na dramhaíola ó phacáistíocht phlaisteach a athchúrsáladh in 2018

Gineadh 1,038,200 tona de dhramhaíl ó phacáistíocht in Éirinn in 2018, an dara bliain as a chéile a raibh cainníocht na dramhaíola ó phacáistíocht ní b'airde ná 1 milliún tona. Páipéar agus cairtchlár (40%) agus plaisteach (25%) a bhí i mórchuid na dramhaíola sin ó phacáistíocht, agus bhí méideanna ní ba lú gloine, adhmaid, miotail agus teicstíle ann (*Figiúr 16*).



Figiúr 16 - Miondealú ar dhramhaíl ó phacáistíocht a gineadh in 2018. Foinse: GCC.

Féach www.epa.ie/nationalwastestatistics le haghaidh na sonraí is déanaí.

Fuarthas amach i staidéar 2018 na GCC ar thréithriú dramhaíola⁶ gur pacáistíocht is cúis le haon trian (33%) den dramhaíl tí ar fad a bhailítear cois cosáin⁷. I gcomparáid leis an staidéar ar thréithriú dramhaíola roimhe sin a rinneadh deich mbliana ní ba luaithe, tá méadú tagtha ar sciar na dramhaíola ó phacáistíocht idir 2008 agus 2018 san araid athchúrsála (ó 41% go 55%) agus in araid na dramhaíola iarmharaí (ó 23% go 29%)⁸. In Éirinn, tuairiscítear ráta ginte pacáistíochta plaistí in aghaidh an duine atá ar cheann de na rátaí is airde san Eoraip, is é sin 59 kg i gcomparáid leis an meán san AE de 33 kg an duine. Tá míniú i bpáirt le fáil air sin sna difríochtaí sna dóigheanna a gcuirtear figiúirí ginte pacáistíochta dramhaíola i dtoll a chéile ar fud na hEorpa. Tá rialacha nua tuairiscithe sa Treoir athbhreithnithe maidir le Pacáistíocht a dhéanfaidh leanúnachas agus inchomparáideacht sa tuairisciú idir Ballstáit

⁶ Tá tuarascálacha ar thréithriú dramhaíola ar fáil anseo: www.epa.ie/pubs/reports/waste/wastecharacterisation/


⁷ An céatadán sula gcuirtear tosca éillithe i bhfeidhm. Cuireann tosca éillithe san áireamh méid na dramhaíola iarmharaí fágtha ar ábhair sprice, mar shampla bia iarmharach fágtha i gcoimeádán bia.

⁸ Céatadán sula gcuirtear tosca éillithe i bhfeidhm. Cuireann tosca éillithe san áireamh méid na dramhaíola iarmharaí fágtha ar ábhair sprice, mar shampla bia iarmharach fágtha i gcoimeádán bia.




a fheabhsú. In ainneoin difríochta tomhais, tá sé soiléir go ngintear cainníochtaí suntasacha dramhaíola ó phacáistíocht in Éirinn. Tá tionscadal taighde faoi stiúir COBÁC, 'Re-Wrapped', á mhaoiniú ag an GCC faoi láthair. Is é is aidhm don taighde tuiscint níos fearr a fháil ar an tionchar a imríonn na modhanna difriúla tomhais agus ar ról na hiompraíochta, iompraíocht táirgeoirí agus teaghlaigh, chun na treochtaí sin a mhíniú.

D'éirigh le tionscnamh freagrachta táirgeora na hÉireann don dramhaíl ó phacáistíocht na spriocanna athchúrsála agus aisghabhála atá leagtha síos sa Treoir maidir le Pacáistíocht a bhaint amach. Tá an tionscnamh sin ar bun ó 1997 i leith. Tá an chuid is mó de tháirgeoirí pacáistíochta in Éirinn mar bhaill den scéim comhlíontachta pacáistíochta Repak. In 2018, athchúrsáladh 64% den dramhaíl ó phacáistíocht a gineadh in Éirinn (0.66 milliún tona nó mar sin) agus rinneadh 91% a aisghabháil (loscadh le haisghabháil fuinnimh san áireamh). Tá na spriocanna maidir le hathchúrsáil agus aisghabháil pacáistíochta a socraíodh le haghaidh 2017 á gcomhlíonadh ag Éirinn ó tugadh isteach iad in 2011, faoi mar atá le feiceáil i *bhFigiúr 17*; is léir, áfach, go bhfuil laghdú ag teacht ar rátaí athchúrsála pacáistíochta ó 2012 i leith (*Figiúr 17*). Faoi Treoir athbhreithnithe maidir le Pacáistíocht, tiocfaidh méadú ar an sprioc athchúrsála do dramhaíl ó phacáistíocht go 65% faoi 2025 agus go 70% faoi 2030, agus tá spriocanna uailmhianacha ann fosta do shruthanna ar leith pacáistíochta, mar a léirítear i *bhFigiúr 18*. Dúshlán suntasach a bheidh go háirithe sna spriocanna nua athchúrsála do phacáistíocht phlaisteach (50% faoi 2025 agus 55% faoi 2030) d'Éirinn, má chuirtear san áireamh nach ndearnadh ach 31% den phacáistíocht phlaisteach ar fad a athchúrsáil in Éirinn in 2018, laghdú ó 34% in 2017. Cuireadh breis agus dhá oiread ní ba mhó de dhramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach na hÉireann le haghaidh loiscithe nó aisghabháil fuinnimh ná a athchúrsáladh in 2018 (170,000 tona in éadan 82,000). Fuarthas amach i staidéar 2018 na GCC ar thréithriú go bhfuil dhá thrian den dramhaíl phlaisteach a chuirtear sna haraidí nach mbítear ag díriú uirthi ar liosta athchúrsála na hÉireann. Déanfar raon na n-earraí a leathnú ar féidir le teaghlaigh agus gnólaigh na hÉireann a athchúrsáil. Beidh tábhacht leis sin le go mbeimid ábalta ár spriocanna a bhaint amach san am atá le teacht.



Figióir 17- An treocht maidir le dramhaíl ó phacáistíocht a aisghabháil agus a athchúrsáil, 2009 go 2018. Foinse: GCC.

Féach www.epa.ie/nationalwastestatistics le haghaidh na sonraí is déanaí.



Figióir 18 - Athchúrsáil dramhaíola ó phacáistíocht in 2018, i gcoibhneas le spriocanna athchúrsála faoi láthair agus amach anseo. Foinse: GCC.

Féach www.epa.ie/nationalwastestatistics le haghaidh na sonraí is déanaí.



9. Dramhaíl Ghuaiseach

0.5m

tona de dhramhaíl ghuaiseach ginte in 2018


70%

méadú ar dhramhaíl ghuaiseach ó 2012 i leith

73%

tona de dhramhaíl ghuaiseach easpórtáilte le go ndéanfaí cóireáil uirthi in 2018


Gintear dramhaíl ghuaiseach ó réimse leathan foinsí a chuimsíonn an-chuid cineálacha dramhaíola. An tionsclaíocht is mó a ghineann dramhaíl ghuaiseach in Éirinn, a tháirgeann tuaslagóirí, slodaí, olaí agus ceimiceáin, ach tá earnálacha eile i gceist amhail gnólachtaí, foirgníocht, cúram sláinte, loisceoirí dramhaíola, feirmeacha agus teaghlaigh a ghineann réimse dramhaíola guaisí, lena n-áirítear péinteanna, olaí, ceallraí, lotnaidicídí, aispeist agus ithreacha éillithe. Gineadh 526,397 tona de dhramhaíl ghuaiseach in Éirinn in 2018, méadú níos mó ná 90,000 tona ó 2017 (*Figiúr 19*). Méadú ar chainníocht na luatha ó loisceoirí a gineadh in 2018 a spreag an méadú sin ar dhramhaíl ghuaiseach, a tharla mar gheall ar thoilleadh méadaithe loisceoirí ar bhonn náisiúnta. Mar a léirítear i *bhFigiúr 19* tá méadú ag teacht ar chainníocht na dramhaíola guaisí a ghintear in Éirinn ó 2012; is iad cainníochtaí níos mó luatha ó loisceoirí agus ithreacha éillithe is mó is cúis leis an méadú sin.



Figiúr 19 - Giniúint agus cóireáil dramhaíola guaisí in Éirinn, 2009 go 2018. Foinse: GCC.

Féach www.epa.ie/nationalwastestatistics le haghaidh na sonraí is déanaí.

Rinneadh formhór (73%) de dhramhaíl ghuaiseach na hÉireann a easpórtáil le go ndéanfaí cóireáil uirthi in 2018 (*Figiúr 20*), chuig an Ísiltír, an Ríocht Aontaithe, an Ghearmáin agus an Bheilg den chuid is mó. Is léiriú é sin nach bhfuil raon na saoráidí in Éirinn chun dul i ngleic leis an dramhaíl ghuaiseach ar fad a ghintear. Tá sé mar phríomhghníomh sa Phlean Náisiúnta Bainistithe Dramhaíola Guaisí go ndéanfar iarracht níos mó neamhspleáchais a bhaint amach ar bhonn náisiúnta maidir le dramhaíl ghuaiseach na hÉireann a bhainistiú. Is léir ón bhfás leanúnach ar easpórtálacha dramhaíola guaisí gur gá cur chuige ó phointe deiridh go pointe deiridh a chur i bhfeidhm ar chleachtais bainistíochta dramhaíola in Éirinn, agus gur gá a bheith ag brath níos lú ar easpórtálacha dramhaíola.



Figiúr 20 - Áiteanna in Éirinn ina ndearnadh cóireáil ar dhramhaíl ghuaiseach na hÉireann in 2018.

Foinse: GCC. Féach www.epa.ie/nationalwastestatistics le haghaidh na sonraí is déanaí.

Sa Phlean Náisiúnta Bainistithe Dramhaíola Guaisí reatha le haghaidh 2014-2020 sainithnítear trí riachtanas straitéiseacha ar gá dul i ngleic leo má táthar le cóireáil a dhéanamh ar dhramhaíl ghuaiseach bhreise in Éirinn:

1. cóireáil fhisiceimiceach a leathnú,
2. dul i ngleic leis an easnamh i dtoilleadh na cóireála teirmí, agus
3. socruithe fadtéarmacha diúscartha a dhaingniú do shruthanna dramhaíola guaisí nach bhfuil fóirsteanach do chóireáil theirmeach nó aisghabháil.

Rinne an GCC athbhreithniú in 2018 ar an dul chun cinn atá déanta ag an bPlean Náisiúnta Bainistithe Dramhaíola Guaisí⁹, ina bhfuarthas amach go raibh dul chun cinn suntasach déanta ó thaobh an Plean a chur i bhfeidhm de, agus bhí 23 as na 27 gníomh molta ar bun nó curtha i gcrích. Áiríodh ar na héachtaí suntasacha:

- > bailithe dramhaíola guaisí ó fheirmeacha ar éirigh leo,
- > laethanta bailithe a thabhairt isteach do dhramhaíl ghuaiseach teaghlaigh, agus
- > fardal acmhainní náisiúnta aisghabhála agus diúscartha dramhaíola guaisí a chur i gcrích, chomh maith le treoir maidir le bainistíocht dramhaíola tí guaisí ag láithreáin conláiste cathrach.

⁹ Plean Náisiúnta Bainistíochta um Dhramhaíl Ghuaiseach na hÉireann. 2014-2020. An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. 2014

Mar sin féin, aithnítear réimsí san athbheithniú ar dhul chun cinn ina bhfuil tuilleadh oibre de dhíth:

- > Rannpháirtíocht dhírithe le réimse éagsúil páirtithe leasmhara le cinntiú go gcoinneofar an cosc dramhaíola guaisí mar thosaíocht;
- > Aidhmeanna neamhspleáchais na hÉireann a chur chun cinn maidir le cóireáil agus bainistíocht dramhaíola guaisí;
- > Forbairt leanúnach ar bhonneagar bailithe dramhaíola guaisí do dhramhaíl ghuaiseach ar scála beag ó theaghlaigh agus gnólachtaí beaga.

Mar a léiríonn na sonraí i *bhFigiúr 20*, bealach tábhachtach cóireála do dhramhaíl ghuaiseach na hÉireann atá san easpórtáil mar gheall ar go dtugann an chóireáil agus diúscairt thar lear rogha níos fearr ó thaobh costais de.

Faoin gClár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl, cuireann an GCC úsáid teicneolaíochtaí níos glaine agus cosc ar dhramhaíl chun cinn, dramhaíl ghuaiseach san áireamh. I réimse an bhailithe dramhaíola, tá méadú tagtha ar bhailiúcháin DTLL agus ceallraí agus bailiúcháin aonuaire mar gheall ar thionscnaimh freagrachta táirgeora. Chomh maith leis sin, tá sé mar thoradh ar dhramhaíl tí agus feirme go ndéantar bainistíocht faoi rialú ar shruthanna dramhaíola guaisí faoi leith. Sa limistéar rialála, tá méadú tagtha ar chomhlíonadh na dtreoracha agus rialachán RoHS, POPanna agus REACH de bhrí na bhfeachtas um fhaireachas margaidh faoi stiúir na GCC a rinneadh sa tréimhse 2014-2017.





10. Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach (DTLL)

63k

tona de DTLL bailithe le haghaidh na cóireála in 2018

61%


an ráta bailithe in 2018, i gcomparáid leis an sprioc de 45%; tá sprioc i bhfad níos airde áfach, 65%, i bhfeidhm ó 2019

73%

den DTLL a bailíodh in 2018, rinneadh cóireáil air in Éirinn (ní gá gurbh í sin an chóireáil deiridh)

Tá dramhaíl leictreonach ar an sruth dramhaíola is mó ar domhan a bhfuil borradh faoi agus is féidir léi a bheith tocsaineach. Is é is aidhm don Treoir maidir le Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach (2012/19/CE) a áirithiú go ndéanfar dramhaíl leictreonach a bhailiú agus a bhainistiú ar bhealach a bheadh neamhdhióbhálach don chomhshaol. Leagtar amach sa Treoir sprioc foriomlán bhailithe do dhramhaíl leictreonach agus spriocanna ar leith maidir le hathúsáid, aisghabháil agus athchúrsáil deich gcatagóir trealamh faoi leith, lena n-áirítear fearais mhóra agus bheaga tí, trealamh TF agus teileachumarsáide agus feistí leighis. Cé go bhfuil ardú mór tagtha ar na spriocanna sin le blianta beaga anuas, tá siad á mbaint amach in Éirinn ar bhonn leanúnach, faoi mar a leagtar amach in Aguisín I. Déanann na scéimeanna comhlíonta táirgeora DTLL Éireann agus Ardán Athchúrsála Eorpach na hÉireann an chuid is mó den bhailiú agus cóireáil a bhaineann le dramhaíl leictreonach agus ceallraí dramhaíola a eagrú agus a mhaoiniú in Éirinn.

In 2018, bailíodh breis agus 62,700 tona de DTLL in Éirinn le haghaidh na cóireála (*Figiúr 21*), méadú 20% ar an 52,300 tona a bailíodh an bhliain roimhe. In 2018, aisghabhadh thart ar 55,754 tona de DTLL agus ullmhaíodh 52,010 tona le haghaidh na hathúsáide nó athchúrsála (méadú 17% agus 19% faoi seach ar chainníochtaí 2017). Déanann meastachán bunaithe den DTLL ó shruthanna miotail mheasctha, a bailíodh agus a próiseáladh mar chuid d'fhigiúirí 2018 den chéad uair, na méaduithe in 2018 a mhíniú i bpáirt¹⁰.




Figiúr 21 - Bailiú, aisghabháil agus athchúrsáil DTLL in Éirinn ó 2009 go 2018, agus spriocanna an AE maidir le bailiú. Foinse: GCC. Féach www.epa.ie/nationalwastestatistics le haghaidh na sonraí is déanaí.

¹⁰ Ryan-Fogarty, Y., Casey, K., Coughlan, D., Lichrou, M., O'Malley, L., Fitzpatrick, C., (ag na clódóirí). Imscrúdú ar DTLL ag eascairt nó gan a bheith ag eascairt in Éirinn (EEE2WEEE), 2017-RE-MS-9 <http://erc.epa.ie/safer/reports>

Ba é 61% an ráta bailithe DTLL in 2018, bunaithe ar an tonnáiste a cuireadh ar an margadh, a sháraigh 45%, an sprioc bailithe atá ann faoi láthair. Mar sin féin, dúshlán suntasach a bheidh ann d'Éirinn an sprioc bailithe i bhfad níos airde de 65% a bhaint amach atá i bhfeidhm ó 2019. Rinneadh cóireáil in Éirinn ar 73% nó mar sin den DTLL a bailíodh in 2018 (ní gá gurbh í sin an chóireáil deiridh).

I dtéarmaí na gcineálacha dramhaíola leictreonaí a bailíodh in Éirinn, ba iad fearais mhóra tí 63% (de réir meáchain) den DTLL a bailíodh in 2018 (*Figiúr 22*).



Figiúr 22 - Miondealú ar DTLL a bailíodh in 2018. Foinse: GCC.

Féach www.epa.ie/nationalwastestatistics le haghaidh na sonraí is déanaí.

Is léir ó *Fhigiúr 21* go raibh laghdú suntasach sna cainníochtaí DTLL a bailíodh in Éirinn nuair a bhí an cúlú eacnamaíochta ann idir 2008 agus 2011, tráth nach raibh trealamh leictreach agus leictreonach á athsholáthar chomh rialta céanna ag teaghlaigh agus gnólachtaí. Tá an téarnamh geilleagrach ó 2012 ag teacht leis an ardú sa dramhaíl leictreonach a bhailítear, rud a léiríonn an nasc idir saibhreas geilleagrach agus tomhaltas earraí leictreonacha.

Fuarthas amach sa staidéar is déanaí a rinne an GCC maidir le tréithriú dramhaíola go raibh méideanna suntasacha DTLL go fóill sna haraidí teaghlaigh, a bhí taobh thiar de 0.9% den dramhaíl san araid dramhaíola iarmharaí agus 0.7% den dramhaíl san araid athchúrsála. Is cinnte go bhféadfaí feabhas a chur ar chúrsaí i dtéarmaí a áirithiú go ndéanfar an t-ábhar sin a bhailiú ar leithligh trí na cainéil atá ar fáil, le go mbeifí in ann an t-uasluach a bhaint as na hábhair luachmhara sin.



11. Feithiclí a bhfuil a Ré Caite (FRCanna)


163k

Líon na FRCanna a cóireáladh in Éirinn in 2018

86%

an ráta athúsáide agus athchúrsála FRCanna in 2018

Tagraíonn Feithiclí a bhfuil a Ré Caite (FRCanna) do charranna nó feithiclí tráchtála éadroma a bhfuil níos lú ná 3.5 tona de mheáchan iontu nach bhfuil oiriúnach le húsáid a thuilleadh agus a dhiúscaítear mar dhramhaíl. Sa Treoir maidir le Feithiclí a bhfuil a Ré Caite (2000/53/CE), socraítear spriocanna ceangailteacha d'athúsáid, aisghabháil agus athchúrsáil FRCanna. Éilíonn na spriocanna faoi láthair, a bhfuil éifeacht leo ón 1 Eanáir 2015 ar aghaidh, athúsáid agus athchúrsáil ar 85% ar a laghad agus athúsáid agus aisghabháil ar 95% ar a laghad. Cuireann na sonraí is déanaí in iúl go ndearnadh cóireáil ar bhreis agus 162,500 FRC in Éirinn in 2018, méadú de bheagnach 22,000 feithicil (16%) ón mbliain roimhe. Bhain Éire amach comhlíonadh iomlán na spriocanna reatha den chéad uair in 2018, nuair a baineadh amach ráta athúsáide agus athchúrsála de 86.4% agus ráta athúsáide agus aisghabhála de 95.2% (Figiúr 23).



Figiúr 23 - Athúsáid, athchúrsáil agus aisghabháil FRCanna 2009-2018.

Foinse: GCC. Féach www.epa.ie/nationalwastestatistics le haghaidh na sonraí is déanaí.

Cé go bhfuil feabhas suntasach tagtha ar rátaí athúsáide, athchúrsála agus aisghabhála FRCanna in Éirinn ó 2010, tá moill tagtha ar ráta an fheabhsaithe sin le blianta beaga anuas. (Figiúr 23). D'fhan an ráta athúsáide agus athchúrsála cobhsaí ar 86% ó 2016, agus tá feabhsuithe tagtha ar rátaí athúsáide agus aisghabhála bliain in aghaidh bliana ó 2014. Bunaíodh scéim comhlíonta táirgeora FRC na hÉireann, Seirbhísí Comhshaoil FRC (ELVES), in 2017, a bhíonn ag obair le saoráidí cóireála FRC agus mionghearrthóirí chun athchúrsáil agus aisghabháil feithicilí fuíll a fheabhsú.





12. Dramhaíl Tógála agus Scartála

6.2m


tona de dhramhaíl tógála agus scartála bailithe agus bainistithe in 2018, 1.5 milliún tonna níos airde ná cainníocht na dramhaíola tógála agus scartála a gineadh in 2017 (4.7 milliún tonna), atá ag teacht leis an mborradh faoi ghníomhaíocht tógála go náisiúnta.

78%

an ráta aisghabhála ábhar do dhramhaíl tógála agus scartála in 2018


Giniúint na Dramhaíola Tógála agus Scartála

Sruth mór dramhaíola in Éirinn atá i ndramhaíl tógála agus scartála i dtéarmaí méide agus meáchain. Bhailigh bailitheoirí údaraithe dramhaíola thart ar 6.2 milliún tonna de dhramhaíl tógála agus scartála le haghaidh na cóireála in 2018, méadaithe go suntasach ó 4.7 milliún tonna in 2017. Tháinig an méadú sin ar dhramhaíl tógála agus scartála san am céanna agus a tháinig méadú ar ghníomhaíocht tógála go náisiúnta (*Figiúr 24*). Ithir agus clocha a bhí i dtromlach na dramhaíola sin (77%), agus sa chuid eile bhí dramhaíl mheasctha tógála agus scartála, coinceit, brící, tileanna agus miotail.



Figiúr 24 - Cainníocht na dramhaíola tógála a bainistíodh in Éirinn, i gcomparáid le hinnéacs tógála na Príomh-Oifige Staidrimh. Foinse: GCC agus an Phríomh-Oifig Staidrimh.


Níor bailíodh ach 3% de dhramhaíl tógála agus scartála ar leithligh mar shruthanna aon ábhar (adhmad, gloine, plaisteach nó miotal) (*Figiúr 25*).



Figiúr 25 - Comhdhéanamh na dramhaíola tógála agus scartála a bailíodh in Éirinn in 2018. Foinse: GCC. Féach www.epa.ie/nationalwastestatistics le haghaidh na sonraí is déanaí.


Cóireáil na Dramhaíola Tógála agus Scartála

Cuireadh cóireáil deiridh in Éirinn ar fhorhmór mór (96%) de dhramhaíl tógála agus scartála in 2018, agus níor easpórtáladh ach 4% den dramhaíl thar lear le haghaidh cóireáil deiridh. Baineadh leas as aislíonadh le mórchuid na dramhaíola tógála agus dramhaíola a ndearnadh cóireáil deiridh uirthi in Éirinn a aisghabháil (89%), agus níor athchúrsáladh ach 9% di (*Figiúr 26*).



Figiúr 26 - Cóireáil ar dhramhaíl tógála agus scartála in Éirinn in 2018. Féach www.epa.ie/nationalwastestatistics le haghaidh na sonraí is déanaí.

Tá an tsuntasacht atá ag an aislíonadh mar oibríocht cóireála deiridh mar léiriú ar an tonnáiste ard dramhithreach, cloch, coinchréite, brící agus tileanna a bhainistítear. Bhí an athchúrsáil ar an bpríomhchóireáil do phíosaí níos lú miotail, plaistigh, gloine agus adhmaid i ndramhaíl tógála agus scartála, agus úsáideadh diúscairt den chuid is mó d'fhuill ón gcóireáil dramhaíola tógála agus scartála. (*Figiúr 27*). D'fhéadfaí rátaí athchúrsála do dhramhaíl tógála agus scartála a fheabhsú dá ndéanfaí dramhaíl tógála agus scartála a scaradh níos mó chuig sruthanna ábhair ar leith ag an bhfoinse nó ag saoráidí próiseála dramhaíola.



Fíor 27- Oibríocht cóireála deiridh de réir sruth dramhaíola tógála agus scartála in 2018. Foinse: GCC. Féach www.epa.ie/nationalwastestatistics le haghaidh na sonraí is déanaí.

Sa Chreat-Treoir Dramhaíola, ceanglaítear ar Bhallstáit aisghabháil dramhaíola tógála agus scartála de 70% a bhaint amach faoi 2020 – ní áirítear leis sin dramhaíl ghuaiseach ná cuid ithreach agus cloiche na dramhaíola tógála agus scartála. In 2018, baineadh amach aisghabháil ábhar de 77% in Éirinn i gcás dramhaíl neamhghuaiseach tógála agus scartála nach ithir nó cloch í, a sháraigh sprioc 2020 an AE. Is feabhas é sin ar an ráta aisghabhála tógála agus scartála de 71% a baineadh amach in Éirinn in 2016.

Cosc Dramhaíola

Tá an cosc dramhaíola agus cur chun cinn na hathúsáide lárnach don gheilleagar ciorclach. Cé go bhfuil sin i bhfeidhm ar gach earnáil gheilleagrach, tá sé ábhartha go háirithe don earnáil tógála a láimhseálann méideanna móra ábhar. Dá ndéanfaí an geilleagar ciorclach a ghníomhachtú go rathúil san earnáil seo, d'fhéadfaí go mbeadh na milliúin tona acmhainní á n-athúsáid i dtionscadail tógála gach bliain, rud a dhéanfadh an t-éileamh ar amhábhair neamhshaothraithe a laghdú agus lorg carbóin na gníomhaíochta tógála agus scartála a íslíú.

I ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh in 2018 ar an gClár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl, cuireadh cosc dramhaíola tógála agus scartála san áireamh mar réimse tosaíochta don chlár. Beidh an Clár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl ag obair i gcomhar le comhlachtaí poiblí agus leis an earnáil foirgníochta chun na dea-chleachtais is fearr a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm maidir le cosc dramhaíola ar gach céim ó dhearadh go scartáil. In 2018, chuir an GCC maoiniú 'Green Enterprise' ar fáil chun prótacal bainistíochta acmhainní agus ciorclaíochta ábhar a fhorbairt d'earnáil tógála na hÉireann.

Fógraí Seachtháirge Tógála agus Scartála

Déantar foráil sa Chreat-Treoir Dramhaíola maidir le hithir arna tochailt nach bhfuil éillithe agus ábhair eile a fhaightear go nádúrtha (a úsáidtear ar láithreán diomaite den cheann ónar tochlaíodh iad), gur féidir caitheamh leo mar sheachtháirgí faoi thosca áirithe, seachas dramhaíl. Déanann oibreoirí eacnamaíocha na cinntí maidir le stádas seachtháirge agus bíonn orthu an cinneadh sin a chur in iúl don GCC. Féadfaidh an GCC socrú a dhéanamh aontú le cinneadh an oibreora eacnamaíocha, mar a fógraíodh; mar mhalairt, i ndiaidh dul i gcomhairle leis an oibreoir eacnamaíoch agus leis an údarás ábhartha áitiúil, d'fhéadfadh an GCC socrú a dhéanamh gur dramhaíl atá san ábhar a fógraíodh.



In 2018, fuair an GCC fógraí seachtháirge do 6,251,396 tonna d'ábhar tógála agus scartála. Tarraingíodh siar fógraí do 2,605,878 tona. Shocraigh an GCC gur sheachtháirge a bhí i 907,000 tona den ithir agus clocha a fógraíodh, faoi mar a fógraíodh. Tá 2,738,518 tona sa chainníocht mheasta d'ábhar tógála agus scartála nach ndearnadh aon chinneadh faoi go dtí seo. Ní gá go gciallódh fógraí seachtháirge gur lean na gníomhaíochtaí ar aghaidh; má lean, áfach, ní chuirfí ábhar a aicmíodh mar sheachtháirge isteach sa líonra bainistithe dramhaíola, agus ní chuirfí é san áireamh i sonraí staitisticí dramhaíola 2018. In 2019, d'fhoilsigh an GCC *Guidance on Soil and Stone By-Products*¹¹ chun cuidiú le hoibreoirí socrú a dhéanamh an dramhaíl nó seachtháirge atá in ithir agus cloch.

¹¹ www.epa.ie/pubs/advice/waste/product/Guidance_on_Soil_and_Stone_By_Product.pdf

13. Ionchas

Cé go bhfuil dul chun cinn déanta in Éirinn i gcuid mhór réimsí den bhainistíocht dramhaíola, léiríonn na sonraí is déanaí ón GCC go bhfuil gá le tuilleadh feabhsuithe. In Éirinn, níor briseadh go fóill an nasc idir fás eacnamaíoch, leibhéil tomhaltais agus giniúint dramhaíola. Táthar ag cailliúint deiseanna luachmhara an leas is mó a bhaint as úsáid thairbheach agus éifeachtúil drámh-ábhar. Leagtar béim sna sonraí is déanaí ar an ngá i bhfad níos mó a dhéanamh in Éirinn chun dramhaíl a chosc, athchúrsáil a fheabhsú, neamhspleáchas a mhéadú agus chun bogadh i dtreo cur chuige níos comhtháite i leith bainistíocht dramhaíola, mar chuid dár chur chun feidhme de Phacáiste AE an Gheilleagair Chiorclaigh agus den Chomhaontú Glas don Eoraip.

Tá easnaimh éagsúla shuntasacha in Éirinn sa bhonneagar dramhaíola, mar a léirítear inár spleáchas mór ar an easpórtáil le haghaidh roinnt príomhshruthanna dramhaíola. Déantar formhór mór ár ndramhaíl scartha chathrach, pacáistíocht phlaisteach san áireamh, a easpórtáil le haghaidh na hathchúrsála, chuig tíortha na hÁise den chuid is mó. Seoltar beagnach trí cheathrú dár ndramhaíl ghuaiseach chuig tíortha Eorpacha eile le haghaidh na diúscartha nó aisghabhála. Tá an prionsabal maidir le neasacht ar cheann de bhunphrionsabail lánacha bheartas dramhaíola an AE, a éilíonn go nglacfaidh Ballstáit céimeanna cuí le dramhaíl a bhainistiú chomh gar agus is féidir don áit ar táirgeadh í. Nuair a rinne an tSín cinneadh cosc a chur ar iompórtáil na pacáistíochta dramhaíola in 2017, leagadh béim ar a leochailí agus atá tíortha atá spleách ar mhargaí easpórtála.

Tá méadú suntasach tagtha ar thuilleadh loisceoirí in Éirinn le roinnt blianta anuas, a tharla san am céanna agus an t-aistriú ar shiúl ón líonadh talún. Tá an méadú sa tobhach ar líonadh talún ar cheann de na cúiseanna is mó, ó thaobh beartais de, leis an rogha bainistíochta dramhaíola is lú tarraingt a chosc, agus bainistíocht dramhaíola a bheith bogtha níos airde fós san ordlathas dramhaíola. Níl aon amhras ann ach gur rogha níos fearr atá san aisghabháil fuinnimh ná atá sa diúscairt, ach tá baol ann go ndéanfaí an bhaint is mó d'ábhair in-athchúrsáilte ó dhramhaíl iarmharach a dhíspreagadh. Tá laghdú tagtha de réir a chéile ar rátaí athchúrsála pacáistíochta na hÉireann ó 2012 agus tá an ráta athchúrsála cathrach éirithe marbhánta ar ~40% ó 2010, agus shleamhnaigh sé go 38% in 2018. San Athbhreithniú is deireanaí ar Chur Chun Feidhme Comhshaoil na hÉireann a rinneadh¹², thug an Coimisiún Eorpach rabhadh gur gá nach gcuirfeadh an úsáid mhéadaithe a bhaintear as loscadh bac ar Éirinn spriocanna athchúrsála i ndiaidh 2020 a bhaint amach. Féadann próiseáil agus stóráil dramhaíola iarmharaí lena húsáid mar bhreosla fadhbanna a chruthú freisin, amhail gearáin maidir le boladh agus baol méadaithe dóiteáin.

Dá ndéanfaí tionscail agus margaí nua athchúrsála a fhorbairt in Éirinn, spreagfaí an bhainistíocht a dhéanaimid ar dhramhaíl níos faide in airde ar an ordlathas dramhaíola, rud a áiritheodh go mbainimis an luach is mó as ábhar dramhaíola i gcomhréir le prionsabail an gheilleagair chiorclaigh, agus go ndéanfaí rátaí athchúrsála a fheabhsú. D'ardófaí neamhspleáchas dá bharr, agus dhéanfaí cur chuige ó phointe deiridh go pointe deiridh i leith bainistíocht dramhaíola in Éirinn a chur chun cinn, ina mbeadh astaíochtaí gás ceaptha teasa níos lú bainteach le hiompar, a bheadh ag teacht le beartais náisiúnta maidir le gníomhaíocht ar son na haeráide agus inbhuanaitheacht.

D'fhéadfaí feabhas suntasach i gcás rátaí náisiúnta athchúrsála a bhaint amach mar gheall ar scaradh ní b'fhearr dramhaíola. Sa staidéar náisiúnta is déanaí de chuid na GCC ar thréithriú dramhaíola cathrach in 2018¹³ fuarthas amach nár chóir do 20% den ábhar in araid athchúrsála teaghlaigh a bheith ansin, agus go raibh an t-ábhar pacáistíochta a d'fhaightí in araidí athchúrsála deich mbliana ó shin ní ba ghlaire ná mar atá sé sa lá atá inniu ann. Níl dhá thrian den dramhaíl phlaisteach a chuirtear inár n-araidí ar liosta athchúrsála na hÉireann. In ainneoin go bhfuil laghdú suntasach tagtha ar mhéid na dramhaíola orgánaí a chuirtear in araidí teaghlaigh na dramhaíola iarmharaí, a bhuíochas le teacht isteach na haraide

¹² An Coimisiún Eorpach, 2019. An tAthbhreithniú ar Chur Chun Feidhme maidir leis an gComhshaoil 2019, Tuarascáil Tíre: Éire.

¹³ Tá tuarascálacha ar thréithriú dramhaíola ar fáil anseo: www.epa.ie/pubs/reports/waste/wastecharacterisation/

doinne, níl araid dhonn ach ag 43% de theaghlaigh na hÉireann agus déantar thart ar leathchuid den dramhaíl orgánach teaghlaigh a dhiúscairt go fóill sna haraidí ‘contráilte’ (i.e. san araid athchúrsála nó in araid na dramhaíola iarmharaí). San earnáil tráchtála, d’fhéadfaí beagnach 70% dá bhfuil sna haraidí dramhaíola iarmharaí a atreorú chuig araidí athchúrsála nó araidí donna. Ar na bearta a bheidh de dhíth chun ár rátaí athchúrsála a fheabhsú i gcomhréir le spriocanna athchúrsála san am atá le teacht, beidh feabhsuithe ar iompraíocht maidir le scaradh dramhaíola, agus ról níos mó do chuideachtaí bailithe dramhaíola i dtaca le cinntiú go ndéanann a gcustaiméirí an dramhaíl a scaradh mar is ceart agus an araid chuí a úsáid, araidí donna a bheith curtha ar fáil ar bhonn níos forleithne do theaghlaigh, agus raon na n-earraí a fhéadfaidh teaghlaigh agus gnólachtaí na hÉireann a athchúrsáil a leathnú.

Cé go bhfuil fáilte á cur roimh an laghdú sa líonadh talún, tá toilleadh millteanach íseal líonta talún le haghaidh na dramhaíola cathrach in Éirinn le blianta beaga anuas. Tá sé riachtanach go ndéanfar pleanáil réamhghníomhach le go mbeidh toilleadh dóthanach cóireála sa Stát san am atá le teacht, le cinntiú nach mbeidh iarmhairtí díobhálacha comhshaoil ann mar gheall ar bhainistíocht dramhaíola. Níl aon líonadh talún do dhramhaíl ghuaiseach ann go fóill, a chuireann leis an dóigh go mbíonn Éire ag brath go mór ar dhramhaíl ghuaiseach a easpórtáil thar lear le haghaidh na cóireála.

Tá sé mar chuspóir uileghabhálach sa bhainistíocht dramhaíola Eorpach cosc a chur ar dhramhaíl, agus ceanglaítear ar Bhallstáit ‘cláir coiscthe dramhaíola’ a chur ar fáil faoin gCreat-Treoir Dramhaíola chun bearta agus spriocanna coiscthe dramhaíola a shainaithint. Caithfidh tús áite a bheith ag an athúsáid agus cosc ar dhramhaíl i mbeartas bainistíochta dramhaíola na hÉireann go fóill. Léirítear sna sonraí is déanaí go bhfuil giniúint na dramhaíola plaistí éirithe i bhfad níos suntasaí, pacáistíocht go háirithe, agus go bhfuil gá le bearta chun dul i ngleic leis an bhfadhb, lena n-áirítear pacáistíocht in-athúsáidte a chur chun cinn seachas pacáistíocht aonúsáide. Tá ceannródaíocht déanta in Éirinn i dtaca le tionscnaimh eacnamaíocha ar tháinig athrú ar iompraíocht tomhaltóirí dá bharr agus a chuir cosc ar dhramhaíl, cuir i gcás an tobhach ar mhálaí plaisteacha. Ba chóir iarracht a dhéanamh in Éirinn a bheith nuálach agus táirgiúil san am atá i láthair, tráth a bhfuil deiseanna ann agus coincheap an gheilleagair chiorclaigh á chur ar bun, á phleanáil agus á chur i bhfeidhm.

Foilsíodh Beartas Náisiúnta Dramhaíola 2020-2025 na hÉireann le déanaí *A Waste Action Plan for a Circular Economy* (Plean Gníomhaíochta Dramhaíola le haghaidh Geilleagar Ciorclach), ina leagtar amach plean oibre a bhfuil sé mar aidhm aige a áirithiú go mbainfear amach ár spriocanna dlíthiúla in Éirinn agus, chomh maith leis in, go mbainfear gach leas as na deiseanna a mbaineann leis an ngeilleagar nua. Beidh sé riachtanach na bearta beartais sin a chur chun feidhme ina n-iomláine agus go luath chun dul i ngleic leis na dúshláin a leagtar béim orthu sa tuarascáil seo.



14. Tuilleadh faisnéise

Tá tuilleadh faisnéise agus na sonraí is déanaí maidir le dramhaíl náisiúnta ar fáil ar acmhainn idirlín na GCC, Staitisticí Náisiúnta Dramhaíola: www.epa.ie/nationalwastestatistics/.

In 2019, thug an GCC isteach táb 'First Look' ar acmhainn idirlín na Staitisticí Náisiúnta Dramhaíola. Dearadh é chun táscairí níos tráthúla a sholáthar maidir le giniúint agus bainistíocht dramhaíola. Sa rannán sin léirítear réamhfhaisnéis bliantúil maidir le dramhaíl a glacadh ag láithreáin líonta talún in Éirinn. Sonraítear chomh maith figiúirí ráithiúla maidir le dramhaíl chathrach a glacadh ag láithreáin líonta talún agus saoráidí cóireála teirmí in Éirinn. Beidh forbairt á déanamh ar an táb 'First Look' ar bhonn leanúnach agus cuirfear níos mó táscairí luatha dramhaíola leis de réir mar a chuirtear na sonraí ar fáil.

The screenshot shows the EPA's National Waste Statistics website. At the top, there's the EPA logo and a navigation bar with links: Home, News & events, Videos, EPA maps, FAQ, Gaeilge, Site map, and Contact us. Below this is a search bar and social media sharing options. A horizontal menu contains links to different sections: Ireland's Environment, Licensing and Permitting, Enforcement, Monitoring and Assessment, Research and Education, and Publications and Downloads. The main heading is 'WASTE statistics'. Below this, there's a grid of circular icons, each representing a different waste management topic: Ireland's Waste Story, Progress to EU Targets, Frequently Asked Questions, Publications, First Look, Municipal, Packaging, WEEE, End-of-Life Vehicles, Hazardous, Composting & Anaerobic, Construction & Demolition, Infrastructure, Tyres, Household, and National Indicators.

Aguisín 1: Dul chun cinn i dtreo Spriocanna Dramhaíola an AE

Treoir AE	Spriocdháta	Sprioc Sonraí sainiúla	Bliain Tagartha	Ráta	Táscaire
An Creat-Treoir Dramhaíola (2008/98/CE)	12/12/2020	Ullmhú chun go ndéanfar 50%, de réir meáchain, de pháipéar, miotal, plaisteach agus gloine ó theaghlaigh a athúsáid agus a athchúrsáil (modh ríofa 1)	2018	51%	DE RÉIR SCEIDIL
	12/12/2020	Ullmhú chun go ndéanfar 70%, de réir meáchain, de dhramhaíl tógála agus scartála (gan ithreacha nádúrtha agus clocha a áireamh) a athúsáid, a athchúrsáil, nó aisghabháil ábhair eile a dhéanamh (oibríochtaí tairbhiúla aislíonta eile san áireamh ina n-úsáidtear dramhaíl mar mhalairt ábhair)	2018	78%	DE RÉIR SCEIDIL
	12/12/2013	Clár Náisiúnta um Chosc Dramhaíola a bhunú (NWPP)	NWPP a bhunú in 2004		BAINTE AMACH
Treoir um Pacáistiú (94/62/CE arna leasú)	31/12/2011	Déanfar 60% ar a laghad de réir meáchain na dramhaíola pacáistíochta a aisghabháil nó a dhó in ionaid loisthe agus fuinneamh a aisghabháil aisti.	2018	92%	BAINTE AMACH
		Déanfar 55% ar a laghad de réir meáchain na dramhaíola pacáistíochta a athchúrsáil.	2018	64%	BAINTE AMACH
		Faoi dháta nach déanaí ná 31 Nollaig 2011, bainfear amach na spriocanna íosta athchúrsála seo a leanas le haghaidh ábhair i ndramhaíl phacáistithe:			
		(i) 60% de réir meáchain do ghloine;	2018	82%	BAINTE AMACH
		(ii) 60% de réir meáchain do pháipéar agus clár;	2018	79%	BAINTE AMACH
		(iii) 50% de réir meáchain do mhiotail;	2018	64%	BAINTE AMACH
		(iv) 22.5% de réir meáchain do phlaistigh, ábhar a ndéantar é a athchúrsáil ar ais go plaistigh á áireamh go heisiach;	2018	31%	BAINTE AMACH
Treoir um Fheithiclí ag Deireadh a Saoil (2000/53/CE)	01/01/2015	Athúsáid agus aisghabháil go dtí íosmhéid 95% de réir mheán-mheáchan feithicle agus bliana.	2018	95%	BAINTE AMACH
		Athúsáid agus aisghabháil go dtí íosmhéid 85% de réir mheán-mheáchan feithicle agus bliana.	2018	86%	BAINTE AMACH
Treoir um Chadhnraí (2006/66/CE)	26/09/2016	Íosmhéid 45% mar ráta bailithe maidir le cadhnraí & taisc-cheallraí.	2019	47%	BAINTE AMACH
	26/09/2011	Bainfidh na próisis athchúrsála na coigiltí seo a leanas amach, ar a laghad:			
		(i) athchúrsáil ar 65 %, de réir meánmheáchain, de cheallraí agus taisc-cheallraí aigéid luaidhe, lena n-áirítear athchúrsáil ar an gcion luaidhe chuig an leibhéal is airde atá indéanta go teicniúil ach barraíocht costais a sheachaint;	2019	87%	BAINTE AMACH
		(ii) athchúrsáil ar 75 %, de réir meánmheáchain, de cheallraí agus taisc-cheallraí caidmiam nicile, lena n-áirítear athchúrsáil ar chion chaidmiam chuig an leibhéal is airde atá indéanta go teicniúil ach barraíocht costais a sheachaint; agus	2019	78%	BAINTE AMACH
		(iii) athchúrsáil ar 50 %, de réir meánmheáchain, de cheallraí dramhaíola agus taisc-cheallraí eile.	2019	83%	BAINTE AMACH

Treoir AE	Spriocdháta	Sprioc Sonraí sainiúla	Bliain Tagartha	Ráta	Táscaire
Treoir um Líonadh Talún (1999/31/CE)	16/12/2020	Caithfear méid na dramhaíola cathrach in-bhithmhillte a chuirtear go láithreáin líonta talún a laghdú go 35% den chainníocht iomlán (de réir meáchain) den dramhaíl chathrach in-bhithmhillte a táirgeadh sa bhliain 1995 (427,000 tona).	2019	145,000 t	DE RÉIR SCEIDIL
Treoir WEEE (2012/19/CE)	14/8/2016	≥ 45% de DTLL a bhailiú ar leithligh i ndáil le trealamh leictreach agus leictreonach a chuirtear ar an margadh.	2018	61%	BAINTE AMACH
	15/8/2015	Maidir le fearais mhóra tí: Ardófar an ráta aisghabhála go dtí 85% ar a laghad de réir meánmheáchain in aghaidh an fhearais; agus	2018	90%	BAINTE AMACH
		Ardófar an ráta athúsáidte agus athchúrsála comhpháirteanna, ábhair agus substaintí go dtí 80% ar a laghad de réir meánmheáchain in aghaidh an fhearais.		84%	
	15/8/2015	Maidir le fearais bheaga tí: Ardófar an ráta aisghabhála go dtí 75% ar a laghad de réir meánmheáchain in aghaidh an fhearais; agus	2018	82%	BAINTE AMACH
		Ardófar an ráta athúsáidte agus athchúrsála comhpháirteanna, ábhair agus substaintí go dtí 55% ar a laghad de réir meánmheáchain in aghaidh an fhearais.		71%	
	15/8/2015	Maidir le trealamh TF agus teileachumarsáide: Ardófar an ráta aisghabhála go dtí 80% ar a laghad de réir meánmheáchain in aghaidh an fhearais; agus	2018	90%	BAINTE AMACH
		Ardófar an ráta athúsáidte agus athchúrsála comhpháirteanna, ábhair agus substaintí go dtí 70% ar a laghad de réir meánmheáchain in aghaidh an fhearais.		85%	
	15/8/2015	Maidir le trealamh tomhaltóra: Ardófar an ráta aisghabhála go dtí 80% ar a laghad de réir meánmheáchain in aghaidh an fhearais; agus	2018	90%	BAINTE AMACH
		Ardófar an ráta athúsáidte agus athchúrsála comhpháirteanna, ábhair agus substaintí go dtí 70% ar a laghad de réir meánmheáchain in aghaidh an fhearais.		84%	
	15/8/2015	Maidir le trealamh soilsíúcháin: Ardófar an ráta aisghabhála go dtí 75% ar a laghad de réir meánmheáchain in aghaidh an fhearais; agus	2018	95%	BAINTE AMACH
		Ardófar an ráta athúsáidte agus athchúrsála comhpháirteanna, ábhair agus substaintí go dtí 55% ar a laghad de réir meánmheáchain in aghaidh an fhearais.		83%	
	15/8/2015	Maidir le lampaí sceite gáis: bainfear amach ráta athúsáide agus athchúrsála comhpháirteanna, ábhair agus substaintí de 80% ar a laghad de réir mheáchan na lampaí.	2018	84%	BAINTE AMACH
	15/8/2015	Maidir le huirlisí leictreacha agus leictreonacha: Ardófar an ráta aisghabhála go dtí 75% ar a laghad de réir meánmheáchain in aghaidh an fhearais;	2018	79%	BAINTE AMACH
		Ardófar an ráta athúsáidte agus athchúrsála comhpháirteanna, ábhair agus substaintí go dtí 55% ar a laghad de réir meánmheáchain in aghaidh an fhearais.		72%	

Treoir AE	Spriocdháta	Sprioc Sonraí sainiúla	Bliain Tagartha	Ráta	Táscaire
Treoir WEEE (2012/19/CE)	15/8/2015	Maidir le bréagáin, agus trealamh fóillíochta agus spóirt: Ardófar an ráta aisghabhála go dtí 75% ar a laghad de réir meánmheáchain in aghaidh an fhearais; agus	2018	83%	BAINTE AMACH
		Ardófar an ráta athúsáidte agus athchúrsála comhpháirteanna, ábhair agus substaintí go dtí 55% ar a laghad de réir meánmheáchain in aghaidh an fhearais.		72%	
	15/8/2015	Maidir le feistí leighis: Ardófar an ráta aisghabhála go dtí 75% ar a laghad de réir meánmheáchain in aghaidh an fhearais;	2018	77%	BAINTE AMACH
		Ardófar an ráta athúsáidte agus athchúrsála comhpháirteanna, ábhair agus substaintí go dtí 55% ar a laghad de réir meánmheáchain in aghaidh an fhearais.		60%	
	15/8/2015	Maidir le huirlisí monatóireachta agus rialaithe: Ardófar an ráta aisghabhála go dtí 75% ar a laghad de réir meánmheáchain in aghaidh an fhearais; agus	2018	83%	BAINTE AMACH
		Ardófar an ráta athúsáidte agus athchúrsála comhpháirteanna, ábhair agus substaintí go dtí 55% ar a laghad de réir meánmheáchain in aghaidh an fhearais.		72%	
	15/8/2015	Maidir le huathdháileoirí: Ardófar an ráta aisghabhála go dtí 85% ar a laghad de réir meánmheáchain in aghaidh an fhearais;	2018	89%	BAINTE AMACH
		Ardófar an ráta athúsáidte agus athchúrsála comhpháirteanna, ábhair agus substaintí go dtí 80% ar a laghad de réir meánmheáchain in aghaidh an fhearais.		82%	

An Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

Tá an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) freagrach as an gcomhshaol a chaomhnú agus a fheabhsú mar shócmhainn luachmhar do mhuintir na hÉireann. Táimid tiomanta do dhaoine agus don chomhshaol a chosaint ar thionchar díobhálach na radaíochta agus an truaillithe.

Is féidir obair na Gníomhaireachta a roinnt ina trí phríomhréimse:

Rialú: Déanaimid córais éifeachtacha rialaithe agus comhlíonta comhshaoil a chur i bhfeidhm chun torthaí maíthe comhshaoil a sholáthar agus chun díriú orthu siúd nach gcloíonn leis na córais sin.

Eolas: Soláthraimid sonraí, faisnéis agus measúnú comhshaoil atá ar ardchaighdeán, spriocdhíríte agus tráthúil chun bonn eolais a chur faoin gcinnteoireacht ar gach leibhéal.

Tacaíocht: Bímid ag saothrú i gcomhar le grúpaí eile chun tacú le comhshaol atá glan, táirgiúil agus cosanta go maith, agus le hiompar a chuirfidh le comhshaol inbhuanaithe.

Ár bhFreagrachtaí

Ceadúnú

Déanaimid na gníomhaíochtaí seo a leanas a rialú ionas nach ndéanann siad dochar do shláinte an phobail ná don chomhshaol:

- > saoráidí dramhaíola (m.sh. láithreáin líonta talún, loisceoirí, stáisiúin aistrithe dramhaíola);
- > gníomhaíochtaí tionsclaíocha ar scála mór (m.sh. déantúsaíocht cógaisíochta, déantúsaíocht stroighne, stáisiúin chumhachta);
- > an diantalmhaíocht (m.sh. muca, éanlaith);
- > úsáid ghlanscartha agus scaoileadh rialaithe Orgánach Géinmhodhnaithe (OGanna);
- > foinsí radaíochta ianúcháin (m.sh. trealamh x-gha agus radaiteiripe, foinsí tionsclaíocha);
- > áiseanna móra stórála peitril;
- > sceitheadh fuíolluisce;
- > gníomhaíochtaí dumpála ar farraige.

Forfheidhmiú Náisiúnta I Leith Cúrsaí Comhshaoil

- > Clár náisiúnta iniúchtaí agus cigireachtaí a dhéanamh gach bliain ar shaoráidí a bhfuil ceadúnas ón nGníomhaireacht acu.
- > Maoirseacht a dhéanamh ar fhreagrachtaí cosanta comhshaoil na n-údarás áitiúil.
- > Caighdeán an uisce óil, arna sholáthar ag soláthraithe uisce phoiblí, a mhaoirsiú.
- > Obair le húdaráis áitiúla agus gníomhaireachtaí eile chun dul i ngleic le coireacht chomhshaoil trí chomhordú a dhéanamh ar líonra forfheidhmiúcháin náisiúnta, díriú ar chiontóirí, agus maoirsiú a dhéanamh ar fheabhsúcháin.
- > Cur i bhfeidhm rialachán ar nós na Rialachán um Dhramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach (WEEE), um Shrian ar Shubstaintí Guaiseacha agus na Rialachán um rialú ar shubstaintí a ídionn an ciseal ózóin.
- > An dlí a chur orthu siúd a bhriseann dlí an cho

Bainistíocht Uisce

- > Monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar cháilíocht aibhneacha, lochanna, uisce idirchreasa agus cósta na hÉireann, agus screamhuiscé; leibhéil uisce agus sruthanna aibhneacha a thomhas.
- > Comhordú náisiúnta agus maoirsiú a dhéanamh ar an gCreat-Treoir Uisce.
- > Monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar Cháilíocht an Uisce Snámha.

Monatóireacht, Anailís agus Tuairisciú ar an gComhshaol

- > Monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht an aeir agus Treoir an AE maidir le hAer Glan don Eoraip (CAFÉ) a chur chun feidhme.
- > Tuairisciú neamhspleách le cabhrú le cinnteoireacht an rialtais

náisiúnta agus áitiúil (m.sh. tuairisciú tréimhsiúil ar Staid Chomhshaoil na hÉireann agus Tuarascálacha ar Tháscairí).

Rialú Astaíochtaí na nGás Ceaptha Teasa in Éirinn

- > Fardail agus réamh-mheastacháin na hÉireann maidir le gás ceaptha teasa a ullmhú.
- > An Treoir maidir le Trádáil Astaíochtaí a chur chun feidhme i gcomhair breis agus 100 de na táirgeoirí dé-ocsaíde carbóin is mó in Éirinn.

Taighde agus Forbairt Comhshaoil

- > Taighde comhshaoil a chistiú chun brúnna a shainaitheint, bonn eolais a chur faoi bheartais, agus réitigh a sholáthar i réimsí na haeráide, an uisce agus na hinbhuanaitheachta.

Measúnú Straitéiseach Comhshaoil

- > Measúnacht a dhéanamh ar thionchar pleananna agus clár beartaithe ar an gcomhshaol in Éirinn (m.sh. mórfhleananna forbartha).

Cosaint Raideolaíoch

- > Monatóireacht a dhéanamh ar leibhéil radaíochta, agus measúnacht a dhéanamh ar a oiread is atá muintir na hÉireann gan chosaint ar an radaíocht ianúcháin.
- > Cabhrú le pleananna náisiúnta a fhorbairt le haghaidh éigeandálaí ag eascairt as taismí núicléacha.
- > Monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí thar lear a bhaineann le saoráidí núicléacha agus leis an tsábháilteacht raideolaíochta.
- > Sainseirbhísí cosanta ar an radaíocht a sholáthar, nó maoirsiú a dhéanamh ar sholáthar na seirbhísí sin.

Treoir, Faisnéis Inrochtana agus Oideachas

- > Comhairle agus treoir a chur ar fáil d'earnáil na tionsclaíochta agus don phobal maidir le hábhair a bhaineann le caomhnú an chomhshaoil agus leis an gcosaint raideolaíoch.
- > Faisnéis thráthúil ar an gcomhshaol ar a bhfuil fáil éasca a chur ar fáil chun rannpháirtíocht an phobail a spreagadh sa chinnteoireacht i ndáil leis an gcomhshaol (m.sh. Timpeall an Tí, Mapaí Radóin).
- > Comhairle a chur ar fáil don Rialtas maidir le hábhair a bhaineann leis an tsábháilteacht raideolaíoch agus le cúrsaí práinnfhreagartha.
- > Plean Náisiúnta Bainistíochta Dramhaíola Guaisí a fhorbairt chun dramaíil ghuaiseach a chosc agus a bhainistiú.

Múscailt Feasachta agus Athrú Iompraíochta

- > GeFeasacht chomhshaoil níos fearr a ghiniúint agus dul i bhfeidhm ar athrú iompraíochta dearfach trí thacú le gnóthais, le pobail agus le teaghlaigh a bheith níos éifeachtúla ar acmhainní.
- > Tástáil le haghaidh radóin a chur chun cinn i dtithe agus in ionaid oibre, agus gníomhartha leasúcháin a spreagadh nuair is gá.

Bainistíocht agus Struchtúr an Gcc

Tá an ghníomhaíocht á bainistiú ag Bord lánaimseartha, ar a bhfuil Ard-Stiúrthóir agus cúigear Stiúrthóirí. Déantar an obair ar fud cúig cinn d'Oifigí:

- > An Oifig um Inbhuanaitheacht Comhshaoil
- > An Oifig Forfheidhmithe i leith cúrsaí Comhshaoil
- > An Oifig um Fhianaise agus Measúnú
- > An Oifig um Chosaint Radaíochta agus Monatóireacht Comhshaoil
- > An Oifig Cumarsáide agus Seirbhísí Corparáideacha

Tá Coiste Comhairleach ag an nGníomhaireacht le cabhrú léi. Tá dáréag comhaltaí air agus tagann siad le chéile go rialta le plé a dhéanamh ar ábhair imní agus le comhairle a chur ar an mBord.

R: info@epa.ie
G: www.epa.ie
Íosghlao: 1890 33 55 99

Ceanncheathrú

Bosca PO 3000,
Eastát Chaisleán,
Bhaile Sheáin,
Contae Loch Garman,
Éire

T: +353 53 916 0600
F: +353 53 916 0699

Cigireacht Réigiúnach

Teach Mhic Cumascaigh,
Richview,
Bóthar Chluain Sceach,
Baile Átha Cliath 14,
Éire

T: +353 1 268 0100
F: +353 1 268 0199

Cigireacht Réigiúnach

Inis Cara,
Contae Chorcaí,
Éire

T: +353 21 487 5540
F: +353 21 487 5545

Cigireacht Réigiúnach

Lóiste Sevilla,
Bóthar Challainn,
Cill Chainnigh,
Éire

T: +353 56 779 6700
F: +353 56 779 6798

Cigireacht Réigiúnach

Bóthar Sheáin de Móra,
Caisleán an Bharraigh,
Contae Mhaigh Eo,
Éire

T: +353 94 904 8400
F: +353 94 902 1934

Cigireacht Réigiúnach

An Gleann,
Muineachán,
Éire

T: +353 47 77600
F: +353 47 84987

Oifigí Réigiúnacha

An Lárionad Cathrach,
Sráid na hEaglaise,
Baile Átha Luain,
Contae na hIarmhí,
Éire

T: +353 906 475722

Seomra 3, Ionad
Comhdhála an Ráithín,
Teach an Phiarsaigh,
Bóthar an Phiarsaigh,
Páirc Gnó an Ráithín,
Luimneach,
Éire

T: +353 61 224764